Údarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# AN TÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018



# MISEAN

**Is é misean an Údaráis rialú, maoirseacht agus rialáil a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí maoine (Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta) agus leasanna an phobail a chosaint agus iad i dteagmháil le soláthraithe seirbhísí maoine trína chinntiú go mbainfear ardchaighdeáin amach agus go gcoinneofar na hardchaighdeáin sin ar bun.**

# LUACHANNA

## LEAS AN PHOBAIL

**Tá an tÚdarás tiomanta dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus chun leas an phobail.**

## RIALACHAS

**Tá an tÚdarás tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais agus ionracais a chomhlíonadh agus dá chuid gnó a sheoladh ar bhealach éifeachtach éifeachtúil.**

## COMHRÉIREACHT

**Déanann an tÚdarás rialáil ar bhealach comhréireach trí acmhainní a spriocdhíriú ar réimsí lena mbaineann riosca.**

## COMHAIRLIÚCHÁN

**Tá an tÚdarás tiomanta d'obair i gcomhar lena gheallsealbhóirí maidir le forbairt agus soláthar leanúnach a chuid seirbhísí.**

## TIOMANTAS DO BHAILL FOIRNE

**Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá bhaill foirne na spriocanna straitéiseacha atá aige a chomhlíonadh agus sásamh a bhaint as a ngairm san eagraíocht.**

# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach | 4 |
| 2018 ar Sracfhéachaint | 6 |
| Maidir Linn | 7 |
| Na Nithe a Dhéanaimid | 8 |
| Bord agus Coistí an Údaráis | 9 |
| Plean Straitéiseach | 11 |
| Dul Chun Cinn in aghaidh ár Spriocanna Straitéiseacha | 12 |
| Sprioc 1 - Córas Ceadúnúcháin Éifeachtach a Chothabháil | 13 |
| Sprioc 2 - Córas Imscrúdúcháin agus Breithniúcháin a Chothabháil | 17 |
| Sprioc 3 - Caidreamh leis an Earnáil agus Feasacht an Phobail ar an Údarás a Chur Chun Cinn | 29 |
| Sprioc 4 - Cláir Phoiblí a Chothabháil | 32 |
| Sprioc 5 - Eagraíocht atá Éifeachtach agus Éifeachtúil a Sholáthar | 33 |
| Aguisín 1 - Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 39 |

# RÁITEAS ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*



**Maeve Hogan**
*Príomhfheidhmeannach*

Tá áthas orainn an tuarascáil bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2018 a chur i láthair. Bliain ghnóthach don Údarás ba ea an bhliain 2018, ar lena linn a lean sé le feidhmeanna rialála, caighdeáin agus gairmiúlacht a chur chun cinn laistigh den earnáil seirbhísí maoine agus le leasanna tomhaltóirí a chosaint.

> "Bliain ghnóthach don Údarás ba ea an bhliain 2018, ar lena linn a lean sé le feidhmeanna rialála, caighdeáin agus gairmiúlacht a chur chun cinn laistigh den earnáil seirbhísí maoine agus le leasanna tomhaltóirí a chosaint."

Cuireadh roinnt tionscadal nua i gcrích le linn na bliana, lenar áiríodh beartas cumarsáide a fhoilsiú, suíomh Gréasáin idirghníomhach athchóirithe a sholáthar agus leaganacha athbhreithnithe de litreacha fruilithe teimpléadacha a chur ar fáil. Tugadh córas ar líne isteach le haghaidh iarratais ar cheadúnas nua, rud a d'fhág gurbh ar líne a rinneadh na hiarratais uile ar cheadúnas nua agus ar cheadúnas athnuachana sa bhliain. Táimid céim amháin níos gaire do lánchóras ceadúnúcháin ar líne a sholáthar dá bharr sin. Éacht suntasach ba ea an clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a tugadh isteach le linn na bliana. Cuireadh an clár i bhfeidhm trí obair na hInstitiúide Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla agus Chumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann.

Thug an tÚdarás faoi shuirbhé den chéad uair riamh, agus é ag iarraidh raon leathan tuairimí a fháil ó cheadúnaithe maidir leis an tionchar a imríonn an rialáil ar an earnáil. Ghlac thart ar 25% de na ceadúnaithe (níos mó ná 1,200 ceadúnaí) páirt sa suirbhé. Beidh an fhaisnéis a bailíodh ón suirbhé ina foinse shaibhir sonraí don Údarás agus ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le gach ceadúnaí a ghlac páirt ann.

Agus é ag leanúint le feasacht an phobail ar an Údarás a chur chun cinn, thug an tÚdarás faoi roinnt feachtas spriocdhírithe sna meáin agus d'fhreastail sé ar imeachtaí amhail Seó na Sárthithe agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. Arís eile, rinne an tUas. Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Tuarascáil Bhliantúil uainn don bhliain 2017 a sheoladh ag an gComórtas Treabhdóireachta. Bainimid an-tairbhe as obair i gcomhar le soláthraithe eile san earnáil maoine ag an imeacht sin.

Réimse tábhachtach eile inar chuireamar obair i gcrích le linn na bliana ba ea an reachtaíocht. Faoi dheireadh na bliana, bhíomar ag ardchéim dár gcuid oibre chun Ionstraim Reachtúil nua maidir le "Caighdeáin Íosta atá le Comhlíonadh" a dhréachtú faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine

(Rialáil), 2011 (an tAcht). Is é an toradh a bheidh ar an bpíosa reachtaíochta sin, agus ar an gCód Cleachtais nua a fhoilseofar, go dtabharfar tuilleadh soiléire agus trédhearcachta isteach san earnáil seirbhísí maoine sa bhliain 2019.

> “Faoi dheireadh na bliana, bhíomar ag ardchéim dár gcuid oibre chun Ionstraim Reachtúil nua maidir le “Caighdeáin Íosta atá le Comhlíonadh” a dhréachtú.“

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an riaráiste gearáin a laghdú sa bhliain 2018, a bhuí leis na hacmhainní breise a leithdháileadh ar an Údarás agus ar an bhfáil a bhí aige ar acmhainní seachfhoinsithe. Bhí iniúchadh déanta ag an Údarás ar 63% de na gnólachtaí ceadúnaithe uile ag deireadh na bliana 2018 freisin.

> “Bhí iniúchadh déanta ag an Údarás ar 63% de na gnólachtaí ceadúnaithe uile ag deireadh na bliana 2018.”

Cloíonn an tÚdarás leis an gcaighdeán rialachais is airde. Tá an caighdeán sin leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus chomhlíon an tÚdarás an Cód ina iomláine sa bhliain 2018. Lean an Bord le tacaíocht a thabhairt agus tiomantas a thaispeáint don lucht bainistíochta feidhmiúcháin le linn na bliana ach leas a bhaint as an méid mór eolais agus saineolais atá aige.

Ba mhaith linn aitheantas agus buíochas a thabhairt don Uas. Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, do bhaill foirne na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, do cheadúnaithe agus dá gcuid ball foirne, do chomhaltaí an Fhóraim agus dár ngeallsealbhóirí uile as a n-ionchur agus a gcaidreamh leanúnach leis an Údarás agus as cúnamh a thabhairt don Údarás an rialáil a chur ar aghaidh arís eile sa bhliain 2018. Rinneadh mórdhul chun cinn lena linn maidir leis an aschur oibre ginearálta a bhí ann agus maidir leis na tionscadail thábhachtacha a cuireadh i gcrích. Ní fhéadfaí an méid sin a dhéanamh gan baill foirne luachmhara, thiomanta agus dhícheallacha an Údaráis. Gabhtar buíochas ó chroí leo go léir.



**Geraldine Clarke**
*Cathaoirleach*



**Maeve Hogan**
*Príomhfheidhmeannach*

# 2018 AR SRACFHÉACHAINT

FORCHUIREADH MÓR-SMACHTBHANNA AMHÁIN AGUS DHAINGNIGH AN ARD-CHÚIRT INA DHIAIDH SIN É

TUGADH IARRATAS AR LÍNE AR CHEADÚNAS NUA CÉADUAIRE ISTEACH

CUIREADH **430** IMSCRÚDÚ AR GHEARÁIN I GCRÍCH

RINNEADH AN CHÉAD SUIRBHÉ AR CHEADÚNAITHE AN ÚDARÁIS

PRÓISEÁLADH **5,271** ATHNUACHAN CEADÚNAIS

EISÍODH **465** CHEADÚNAS NUA

FOILSÍODH **32,000** TUAIRISCEÁN LÉASA TRÁCHTÁLA

TUGADH THART AR **1.9m** CUAIRT AR AN GCLÁR PRAGHSANNA MAOINE

CUIREADH **448** NIMSCRÚDÚ INIÚCHTA AR CHOMHLÍONADH I GCRÍCH

CUIREADH FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH I BHFEIDHM AR BHONN RÉIGIÚNACH DO GACH CEADÚNAÍ

# MAIDIR LINN




*Ceannoifig an Údaráis, an Uaimh, Co. na Mí*

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Is é an comhlacht reachtúil atá freagrach as an earnáil seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.

Foráiltear leis an Acht lenar bunaíodh an tÚdarás do roinnt catagóirí soláthraithe seirbhísí maoine, is iad sin:

- **Ceantálaithe**
  Daoine atá ag gabháil do mhaoin, seachas talamh, a cheantáil (Cineál Ceadúnais A)
- **Gníomhairí Eastáit**
  Daoine atá ag gabháil do thalamh a cheannach nó a dhíol ar cibé slí ar bith (Cineál Ceadúnais B)
- **Gníomhairí Ligin**
  Daoine atá ag gabháil do thalamh a ligean (Cineál Ceadúnais C)
- **Gníomhairí Bainistíochta**
  Daoine atá ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta a sholáthar thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Cineál Ceadúnais D).


Is í Maeve Hogan Uas. Príomhfheidhmeannach an Údaráis. Tá ceanncheathrú an Údaráis lonnaithe ar an Uaimh, Co. na Mí, óna bhunú. Osclaíodh oifig eile ar Chearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2, i mí na Nollag 2013. I dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh, bhí 28 mball foirne ag an Údarás ag deireadh na bliana 2018.

# NA NITHE A DHÉANAIMID

Cuireann an tÚdarás cuspóirí an Achta chun feidhme agus oibríonn sé chun a chinntiú go mbainfidh siad sin atá ceadúnaithe chun seirbhísí maoine a sholáthar na caighdeáin is airde i soláthar seirbhísí amach agus go dtabharfar cosaint iomlán do thomhaltóirí.

Áirítear iad seo a leanas le príomhfheidhmeanna an Údaráis:

- **Rialú, maoirseacht agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);**
- **Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú, lena gcumhdaítear gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;**
- **Caighdeáin le haghaidh ceadúnais a dheonú do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais slánaíochta gairmiúla) agus caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á soláthar ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin eiticiúla chuí) a shonrú agus a fhorfheidhmiú;**
- **Córas a bhunú agus a riar le haghaidh imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin in aghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine;**
- **Córas a bhunú agus a riar le haghaidh imscrúdú a dhéanamh ar chaighdeáin sa soláthar Seirbhísí Maoine;**
- **Smachtbhannaí a fhorchur ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine i leith iompar míchuí (lena n-áirítear suim suas go €250,000 a íoc agus ceadúnas a chúlghairm);**
- **Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe an phobail ar sheirbhísí maoine i gcoitinne a chur chun cinn;**
- **Ciste Cúitimh a bhunú, a chothabháil agus a riar;**
- **Cód Cleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;**
- **Clár Poiblí Praghsanna Díola Maoine a bhunú agus a chothabháil;**
- **Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;**
- **Clár Poiblí Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil;**
- **Gníomhú mar Údarás Inniúil Stáit le haghaidh Sciúradh Airgid;**
- **Cuidiú leis an Aire beartas a fhorbairt maidir leis an earnáil a rialáil; agus**
- **Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú.**



# BORD AGUS COISTÍ AN ÚDARÁIS

## Bord agus Coistí an Údaráis

Le linn comhaltaí a cheapadh chuig an Údarás faoin Acht, ní mór don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais aird a bheith aige nó aici ar a inmhianaithe atá sé go mbeadh eolas nó taithí ag na comhaltaí ar ghnóthaí tomhaltóirí, ar ghnó, ar airgeadas, ar bhainistíocht nó ar riarachán nó ar aon ábhar eile a bheadh, i dtuairim an Aire, ina chabhair nó ina cabhair don Údarás le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht.

Forordaítear leis an Acht freisin, áfach, gurb amhlaidh, maidir le comhaltaí an Údaráis:

(a) gur daoine atá ina n-ionadaithe do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine a bheidh i dtriúr acu ar a mhéad, agus

(b) gur daoine a bhfuil eolas nó taithí acu ar ghnóthaí tomhaltóirí a bheidh i dtriúr acu ar a laghad,

(c) gur oifigeach don Aire a bheidh i nduine amháin acu.

Comhlíonann comhaltas an Údaráis an ceanglas reachtúil atá leagtha amach thuas.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcomhlíonadh a fheidhmeanna. Tá sé faoi chathaoirleacht ag Geraldine Clarke Uas., ar aturnae í, agus is daoine ó laistigh den earnáil seirbhísí maoine, ionadaithe do leasanna tomhaltóirí agus oifigeach don Aire atá sna comhaltaí boird.

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus deichniúr comhaltaí, a gceapann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach duine díobh. Ceapadh na comhaltaí den Bhord ar feadh tréimhse 4 bliana agus tháinig siad le chéile 5 huaire le linn na bliana 2018. Mionsonraítear sa tábla thíos na comhaltaí, an ról atá acu, faisnéis faoina gceapachán agus an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu le linn na bliana.

| Comhalta Boird | Ról | Téarma Ceapacháin | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|
| Geraldine Clarke** | Cathaoirleach | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 5 |
| An Dr Aideen Hayden | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 5 |
| Deirdre Fox** | Comhalta | 03/04/2015 - 02/04/2019 | 4 |
| Edward Carey** | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 5 |
| Hilary Griffey | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 5 |
| Josephine Henry#** | Comhalta | 03/04/2015 - 02/04/2019 | - |
| Martin Hanratty** | Comhalta | 03/04/2015 - 02/04/2019 | 5 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 4 |
| Patrick Davitt** | Comhalta | 03/04/2015 - 02/04/2019 | 3 |
| Paul Mooney** | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 4 |
| Regina Terry** | Comhalta | 03/04/2015- 02/04/2019 | 4 |

*# Bhí Josephine Henry as láthair ar saoire le linn na bliana 2018.*
*** Comhalta Boird atá ag cur dara téarma oifige isteach.*

**Mór-Smachtbhanna a Bhreithniú**

Tháinig comhaltaí den Údarás – Deirdre Fox Uas., Hilary Griffey Uas., an tUas. Martin Hanratty agus an Dr Muiris Ó Céidigh (Córam an Bhoird) – agus an tUas. Paul Mooney, ag gníomhú dó mar ionadaí, le chéile chun cás mór-smachtbhanna a bhreithniú. Maidir leis an ní sin, tháinig na comhaltaí sin den Údarás le chéile trí huaire chun breithniú a dhéanamh ar mhór-smachtbhanna a fhorchur ar cheadúnaí agus chun teacht ar bhreith ina leith.

| Comhaltaí den Údarás | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Deirdre Fox | 2 |
| Hilary Griffey | 3 |
| Martin Hanratty | 3 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | 3 |
| Paul Mooney | 1 |

## Coistí an Údaráis

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beirt chomhaltaí den Údarás: Deirdre Fox Uas. (Cathaoirleach) agus an Dr Muiris Ó Céidigh. Cuimsíonn sé beirt chomhaltaí neamhspleácha freisin: Therese Carolan Uas. agus an tUas. Myles O'Reilly. Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2018.

| Comhalta Coiste | Cineál Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|
| Deirdre Fox | Comhalta den Údarás (Cathaoirleach) | 5 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | Comhalta den Údarás | 3 |
| Therese Carolan | Comhalta Neamhspleách | 5 |
| Myles O'Reilly | Comhalta Neamhspleách | 4 |

**Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh**

Cuimsíonn Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh triúr comhaltaí den Údarás: Hilary Griffey Uas., an Dr Aideen Hayden agus an Dr Muiris Ó Céidigh. Déanann an Coiste Comhairleach breithniú ar na hiarratais ar dheontais ón gCiste Cúitimh a fhaightear agus cuireann sé moladh in iúl do Bhord an Údaráis maidir le cé acu ba cheart éilimh dheontais a dheonú, a dheonú go páirteach nó a dhiúltú. Bhí 5 chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2018.

| Comhalta Coiste | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Hilary Griffey | 4 |
| An Dr Aideen Hayden | 5 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | 5 |



# PLEAN STRAITÉISEACH

Cumhdaítear an tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2017 go mí Lúnasa 2020 sa Phlean Straitéiseach reatha ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus leagtar amach ann na príomh-shaincheisteanna nach mór don Údarás aghaidh a thabhairt orthu le linn na tréimhse sin. Leagtar treochlár le haghaidh treo straitéiseach an Údaráis síos sa phlean agus leantar le é a úsáid chun cur leis an obair agus an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Is é aidhm an Phlean Straitéisigh:

- feabhas a chur ar na struchtúir, na córais, na nósanna imeachta, na prótacail, na rialacha agus na rialacháin eagraíochtúla a bunaíodh ó chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre, ar nithe iad atá ríthábhachtach maidir le feidhmiú fadtéarmach an Údaráis, agus
- a chinntiú go gcoinneofar creat rialála láidir i bhfeidhm san earnáil.

Sa Phlean Straitéiseach, leagtar amach ról, cuspóirí agus treo an Údaráis agus taifeadtar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo. Is é an toradh a bheidh ar an dul chun cinn sin go mbeidh tuilleadh aonfhoirmeachta agus trédhearcachta ann le linn soláthraithe seirbhísí maoine a cheadúnú, a rialáil agus a rialú agus le linn faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí. Leagtar amach ann freisin na nithe a bhfuil an tÚdarás ag súil leis go mbainfidh sé amach iad agus an dóigh a mbeartaíonn sé, mar eagraíocht, a chuid spriocanna a chomhlíonadh.

Ghlac an tÚdarás na príomhspriocanna seo a leanas:

### SPRIOC 1
**CÓRAS CEADÚNÚCHÁIN ÉIFEACHTACH A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 2
**CÓRAS IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS BREITHNIÚCHÁIN A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 3
**CAIDREAMH LEIS AN EARNÁIL AGUS FEASACHT AN PHOBAIL AR AN ÚDARÁS A CHUR CHUN CINN**

### SPRIOC 4
**CLÁIR PHOIBLÍ A CHOTHABHÁIL**

### SPRIOC 5
**EAGRAÍOCHT ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL A SHOLÁTHAR**



# DUL CHUN CINN IN AGHAIDH ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA



# SPRIOC 1 CÓRAS CEADÚNÚCHÁIN ÉIFEACHTACH A CHOTHABHÁIL

## Ceadúnú

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine atá ag soláthar seirbhísí maoine in Éirinn a bheith ceadúnaithe ag an Údarás. Sainmhínítear na seirbhísí sin mar seo a leanas san Acht:


- **Maoin, seachas Talamh, a Cheantáil (Cineál Ceadúnais A)**
- **Talamh a Cheannach nó a Dhíol - ar cibé slí ar bith (Cineál Ceadúnais B)**
- **Talamh a Ligean (Cineál Ceadúnais C), agus**
- **Seirbhísí Bainistíochta Maoine a Sholáthar (Cineál Ceadúnais D)**

Eisíonn an tÚdarás ceithre chineál dhifriúla ceadúnais, lena gcomhfhreagraítear do na ceithre chineál seirbhísí maoine atá sainmhínithe san Acht. Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh ar chineál ceadúnais amháin nó níos mó. Ní mór ceadúnais a athnuachan gach bliain.

Bíonn ag méadú i gcónaí ar a éifeachtúla atá próiseas ceadúnúcháin an Údaráis. Próiseáladh 5,950 iarratas (ar cheadúnas nua agus ar athnuachan ceadúnais) san iomlán sa bhliain 2018.

Mar a léirítear i gCairt 1, deonaíodh ceadúnais i 5,717 gcás faoi dheireadh na bliana. Diúltaíodh 62 iarratas agus bhí 171 iarratas fós á n-athbhreithniú. I gcomparáid leis sin, próiseáladh 5,855 iarratas sa bhliain 2017. Díobh sin, deonaíodh ceadúnais i 5,573 chás faoi dheireadh na bliana. Diúltaíodh 104 iarratas agus bhí 178 n-iarratas fós á n-athbhreithniú.

**Cairt 1 Iarratais ar Cheadúnas a Próiseáladh**




## Ceadúnais Nua

Thosaigh an tÚdarás ag glacadh le hiarratais ar cheadúnas nua ar líne trí www.licences.ie i mí an Mheithimh 2018. D'fhorbair an tÚdarás an córas iarratais ar líne sin i gcomhar le An Post (Licences.ie) agus leis an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is féidir iarratas ar cheadúnas nua a chur isteach ar líne anois tríd an gcóras nua. Is féidir an táille ceadúnais a íoc agus gach doiciméad tacaíochta a chur isteach ar líne freisin. A bhuí leis an gcóras, tháinig laghdú suntasach ar an am a thógtar chun ceadúnais den sórt sin a eisiúint chuig iarratasóirí céaduaire.

Eisíonn an tÚdarás ceadúnais nua chucu sin atá ag iarraidh obair san earnáil seirbhísí maoine, faoi réir ceanglais cháilíochta íosta a chomhlíonadh. D'eisigh an tÚdarás 465 cheadúnas nua sa bhliain 2018, i gcomparáid le 466 cinn sa bhliain 2017. Tá an líon seasta ceadúnas nua a bhíonn á n-eisiúint mar fhianaise ar an spéis leanúnach atá ann san earnáil seirbhísí maoine.

## Athnuachaintí Ceadúnais

Is ar líne trí www.licences.ie a dhéantar iarratais ar athnuachan ceadúnais chuig an Údarás agus a íoctar na táillí lena mbaineann. Fuarthas formhór mór na n-iarratas ar athnuachan sa bhuaicthréimhse i mí an Mheithimh/i mí Iúil, agus iad ag baint le ceadúnais a bhí le dul in éag an 5 Iúil.

Athosclaíodh deasc chabhrach thiomnaithe um athnuachan ceadúnais le linn na buaicthréimhse athnuachana chun cabhrú le ceadúnaithe an t-iarratas athnuachana uathu a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir an tÚdarás saoráid ar fáil an athuair chun cúnamh praiticiúil a thabhairt do cheadúnaithe a bhí thíos le fadhbanna leathanbhanda agus iarratais á n-uaslódáil acu. Mar thoradh ar na saoráidí sin agus ar an gcóras athnuachana ar líne, bhíothas in ann ceadúnais a eisiúint i leith 88% de na hiarratais a cuireadh isteach le linn na buaicthréimhse athnuachana sula ndeachaigh siad in éag.

Cé gur le linn na buaicthréimhse athnuachana a fhaightear formhór na n-iarratas ar athnuachan, próiseálann an tÚdarás iarratais ar athnuachan ceadúnais ar fud na bliana ar fad. Próiseáladh 5,271 iarratas ar athnuachan


ceadúnais san iomlán sa bhliain 2018. Eisíodh 5,252 ceadúnas athnuachana agus diúltaíodh 19 n-iarratas ar athnuachan ceadúnais.

## An Líon Foriomlán Ceadúnas

Is féidir forbhreathnú a fháil i gCairt 2 ar an líon iomlán ceadúnas nua a eisíodh agus ar an líon iomlán ceadúnas a athnuadh.

Tá na ceadúnais a athnuadh catagóirithe mar cheadúnais a athnuadh, mar chuirí chun athnuachana agus mar athnuachaintí ceadúnais a bhfuiltear ag feitheamh le tuilleadh faisnéise ina leith. Léirítear i gCairt 2 go raibh 5,860 ceadúnas gníomhach ag deireadh na bliana 2018, i gcomparáid le 5,805 cinn ag deireadh na bliana 2017. B'ionann é sin agus méadú beag ar an bhfigiúr don bhliain roimhe.

**Cairt 2 Staid na gCeadúnas Uile ag an 31 Nollaig 2018**





## Ceadúnais nár Athnuadh agus Iarratais ar Athnuachan Ceadúnais a Diúltaíodh

Tá an líon ceadúnas nár athnuadh agus an líon iarratas ar athnuachan ceadúnais a diúltaíodh sna blianta 2017 agus 2018 leagtha amach i gCairt 3. Níor athnuaigh 440 ceadúnaí (7.4%) san iomlán a gceadúnas sa bhliain 2018, i gcomparáid le 379 gceadúnaí (6.7%) sa bhliain 2017. Cé go mbíonn cúiseanna éagsúla ann le gan ceadúnas a athnuachan, áirítear leo dul ar scor, an gnólacht a dhúnadh, dul ar eisimirce agus, i gcásanna áirithe, athrú ó eintiteas dlíthiúil amháin ina eintiteas dlíthiúil eile. Diúltaítear iarratais ar cheadúnas athnuachana ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear ar an mbonn nach bhfuil a c(h)eanglais chánach á gcomhlíonadh ag an gceadúnaí a thuilleadh agus gur mhainnigh an ceadúnaí taifid chuntasaíochta dhóthanacha a sholáthar.

Tugann an tÚdarás gach deis don cheadúnaí na ceanglais cheadúnúcháin atá leagtha amach san Acht a chomhlíonadh. Diúltaíodh iarratais san am atá thart, áfach, i gcás nár comhlíonadh na ceanglais cheadúnúcháin. Dhiúltaigh an tÚdarás 19 n-iarratas ar athnuachan sa bhliain 2018, i gcomparáid le 46 cinn sa bhliain 2017. D'fhéadfaí an feabhas sin a chur síos don tuiscint níos fearr atá ann anois ar an bpróiseas iarratais ar athnuachan ceadúnais.

**Cairt 3 Ceadúnais nár Athnuadh agus Ceadúnais a Diúltaíodh**




## Iarratais ar Cheadúnas Nua a Diúltaíodh

Leanann an tÚdarás le hardchaighdeán cáilíochta a chur i bhfeidhm, ar caighdeán é nach mór a bhaint amach sula n-eiseofar ceadúnas nua. Diúltaítear iarratais ar cheadúnas céaduaire ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear ar an mbonn nár comhlíonadh an caighdeán cáilíochta, gur cuireadh tuarascáil cuntasóra neamhiomlán isteach, nach raibh aon fhianaise ann go raibh imréiteach cánach i bhfeidhm ag an gceadúnaí agus, i gcásanna áirithe, nár soláthraíodh an fhaisnéis bhreise a d'iarr an tÚdarás. I gcás nach gcomhlíontar an caighdeán cáilíochta san iarratas, míníonn an tÚdarás an méid sin go soiléir don iarratasóir agus tugann sé gach deis dó/di fianaise chuí ar chomhlíonadh an chaighdeáin a chur isteach. In aon chás, déanann an tÚdarás breithniú cúramach iomlán ar an bhfaisnéis agus na doiciméid ar fad a cuireadh isteach chun tacú le hiarratas ar cheadúnas sula dtugann sé breith dheiridh ar aon iarratas.

Diúltaíodh 43 iarratas ar cheadúnas nua san iomlán sa bhliain 2018, i gcomparáid le 58 gcinn sa bhliain 2017. Tugann an méadú inbhraite leanúnach ar cháilíocht na n-iarratas ar cheadúnas nua a fhaightear le fios go bhfuil tuiscint níos fearr ag iarratasóirí féideartha ar na ceanglais agus na caighdeáin cháilíochta atá i bhfeidhm ag an Údarás, ar nithe iad atá le comhlíonadh acu sula ndeonófar ceadúnas dóibh. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tharla sé le linn na bliana 2018 gur chuir a lán iarratasóirí staidéar acadúil i gcrích a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sna Rialacháin Cháilíochta le haghaidh cáiliú do cheadúnas. D'fhéadfaí an laghdú ar an líon iarratas ar cheadúnas nua a diúltaíodh sa bhliain 2018 a chur síos go páirteach don líon iarratas a raibh cáilíocht acadúil ag gabháil leo.

Cairt 4 Iarratais ar Cheadúnas Nua a Diúltaíodh




## Achomhairc i leith Iarratais ar Cheadúnas Nua

I gcomparáid leis an aon achomharc amháin a rinneadh chun an Bhoird Achomhairc um Sheirbhísí Maoine sa bhliain 2017, ní dhearnadh aon achomhairc sa bhliain 2018 i gcoinne aon bhreithe ón Údarás diúltú ceadúnas a eisiúint.


## Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Catagóire

Léirítear in anailís ar dháileadh na 5,860 ceadúnas a bhí gníomhach i measc fostóirí agus fostaithe araon ag deireadh na bliana 2018 gur le fostaithe a bhain 3,989 gcinn (68.1%) san iomlán de na ceadúnais uile a bhí gníomhach ag deireadh na bliana 2018.

Maidir leis an miondealú comhréireach ar an dáileadh ceadúnas i measc fostóirí agus fostaithe ag deireadh na bliana 2018, shealbhaigh fostóirí 31.9% de na ceadúnais uile agus shealbhaigh fostaithe 68.1% díobh. Is beag difear idir na figiúirí comhréireacha sin agus na figiúirí don bhliain 2017, áit ar shealbhaigh fostóirí 32.2% de na ceadúnais uile agus ar shealbhaigh fostaithe 67.8% díobh.

Léirítear i gCairt 5 go raibh 1,871 cheadúnas san iomlán i seilbh ag fostóirí, lenar áiríodh cuideachtaí, comhpháirtíochtaí, trádálaithe aonair agus conraitheoirí neamhspleácha. Is iad cuideachtaí a shealbhaíonn an líon is mó ceadúnas fostóra laistigh den ghrúpa sin, agus thart ar 57% díobh ina seilbh acu. Sealbhaíonn conraitheoirí neamhspleácha an dara líon is mó ceadúnas, agus 25% díobh ina seilbh acu.

**Cairt 5 Ceadúnais Ghnó de réir Catagóire sa bhliain 2018**




## Cineál Ceadúnais

Mar atá luaite cheana féin, bhí 5,860 ceadúnas ghníomhacha san iomlán ann ag deireadh na bliana 2018, i gcomparáid le 5,805 cinn ag deireadh na bliana 2017. Léirítear i gCairt 6 an líon ceadúnas gníomhach a bhí ann ag deireadh na bliana 2018, agus iad catagóirithe de réir cineál ceadúnais nó de réir meascán de chineál ceadúnais. Tháinig méadú ar na figiúirí sin idir na blianta 2017 agus 2018.

Áirítear leis na catagóirí ceadúnais catagóirí ina bhfuil ceadúnais de chineál aonair agus catagóirí ina bhfuil meascán de roinnt cineálacha ceadúnais nó de gach ceann díobh.

**Cairt 6 An Méadú de réir Cineál Ceadúnais sa bhliain 2018**

| An Cineál Ceadúnais a Eisíodh | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| A | 214 | 235 |
| A,B | 54 | 61 |
| A,B,C,D | 957 | 1003 |
| B,C | 779 | 813 |
| B,C,D | 334 | 346 |

## An Clár Printíseachta Nua

Thug Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ceadú do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath, le haghaidh clár printíseachta i 'Seirbhísí Náisiúnta Ceantálaíochta agus Maoine' a reáchtáil. Bhí lúcháir ar an Údarás tacú leis an tionscnamh. Léirigh fostóirí agus printísigh fhéideartha araon spéis láidir sa chlár. Chuaigh 28 mac léinn i mbun an chláir phrintíseachta i gColáiste Dhroichead na Dothra, Baile Átha Cliath, agus chuaigh 28 mac léinn eile ina bhun sa Choláiste Tráchtála, Corcaigh. Is clár corraitheach é, lena gcumasófar do na printísigh rathúla iarratas ar cheadúnas a dhéanamh chuig an Údarás.

## An tÚdarás Inniúil le haghaidh Sciúradh Airgid

Is é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an tÚdarás Inniúil Stáit le haghaidh soláthraithe seirbhísí maoine chun críocha Chuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010. Ar aon dul leis sin, déanann an tÚdarás iniúchtaí Frithsciúradh Airgid ar fhostóirí san earnáil seirbhísí maoine. Seoladh 370 iniúchadh den sórt sin sa bhliain 2018.

# SPRIOC 2 CÓRAS IMSCRÚDÚCHÁIN AGUS BREITHNIÚCHÁIN A CHOTHABHÁIL

Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- **gearáin a dhéantar in aghaidh soláthraithe seirbhísí maoine ceadúnaithe;**
- **gearáin faoi sholáthar seirbhísí maoine neamhúdaraithe; agus**
- **comhlíonadh na bhforálacha reachtúla ag ceadúnaithe.**

Ceanglaítear ar an Údarás reachtúil cigire a cheapadh chun an t-imscrúdú a sheoladh, beag beann ar chineál an imscrúdaithe. Ní dhéanann cineál an imscrúdaithe aon difear ach oiread do na cumhachtaí atá ag imscrúdaitheoirí ná do na rialacha reachtúla lena rialaítear an dóigh a seolfar imscrúduithe.

I gcás gur fhulaing gearánaigh caillteanas airgeadais de bharr gníomh mímhacánta ag an gceadúnaí, is féidir go mbeidh siad in ann dul i muinín chóras sásaimh an Údaráis, atá i bhfoirm ciste cúitimh.

Foráiltear leis an Acht freisin go nglacfaidh gach ceadúnaí páirt i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Ar an mbealach sin, neartófar arís eile na caighdeáin atá i réim san earnáil.

## Imscrúdú a dhéanamh ar Ghearáin

Gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí maoine. Féadfaidh an tÚdarás tabhairt faoi thrí chineál imscrúdaithe, is iad sin:

- imscrúdú a dhéanamh ar an soláthar neamhdhleathach seirbhísí maoine ag soláthraithe seirbhísí neamhcheadúnaithe,
- iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeáin maidir leis an soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtúil ag soláthraithe seirbhísí ceadúnaithe,
- imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar in aghaidh soláthraithe seirbhísí maoine ceadúnaithe.

De réir alt 28 den Acht, is cion é seirbhísí maoine a sholáthar, a fhógairt nó a thairiscint gan an ceadúnas cuí. Tá an t-imscrúdú ar dhaoine atá ag soláthar seirbhísí maoine gan cheadúnas teoranta dá fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an duine atá i gceist ag soláthar seirbhís maoine mar atá sainmhínithe san Acht agus cé acu atá nó nach bhfuil an tseirbhís sin á soláthar ar chomaoin (íocaíocht). A luaithe a fhaightear an dá ní sin amach, is faoin Údarás a bheidh sé ionchúiseamh a thabhairt os comhair na gcúirteanna i leith sárú ar alt 28 den Acht.

Is de dheoin an Údaráis féin a dhéantar imscrúduithe ar chomhlíonadh reachtúil ag soláthraithe seirbhísí ceadúnaithe. Is é atá i gceist leis na himscrúduithe sin scrúdú a dhéanamh ar chomhaid, cuntais chliaint agus cuntais bhainc oifige an cheadúnaí chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil forálacha reachtúla an Achta á gcomhlíonadh ag an gceadúnaí.


Tagann an tríú cineál imscrúdaithe chun cinn tar éis gearán a dhéanamh in aghaidh soláthraí seirbhísí maoine. Tá an bunchreat dlíthiúil agus na nósanna imeachta le haghaidh na gcineálacha imscrúdaithe sin leagtha amach i gCuid 7 den Acht. I mbeagán focal, cumhdaítear na nithe seo a leanas leo:

- na himthosca agus an modh ina bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú a thionscnamh ar cheadúnaí;
- na cumhachtaí atá ag Cigirí arna gceapadh ag an Údarás chun dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh chun críocha imscrúduithe a sheoladh, agus na dualgais atá ar na Cigirí sin;
- na dualgais a bheidh ar an Údarás tar éis imscrúdú a chur i gcrích; agus
- na nithe nach mór don Údarás breithniú a dhéanamh orthu agus é ag teacht ar bhreith de bhun tuarascáil Cigire agus ag forchur smachtbhannaí.

## Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2018

Tugtar i gCairt 7 breac-chuntas ar na gearáin uile a fuair an tÚdarás sa bhliain 2018 agus ar stádas na ngearán sin ag deireadh na bliana.

Cairt 7 Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2018 - Stádas ag Deireadh na Bliana





Fuair an tÚdarás 274 ghearán le linn na bliana 2018. Tá sé sin cothrom le laghdú 17% ar na 329 ngearán a fuarthas sa bhliain 2017. Áirítear leis an 274 ghearán 22 líomhain a rinneadh sa bhliain 2018 maidir le soláthar seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe.

Maidir leis na gearáin a fuarthas sa bhliain 2018, cuireadh 153 cinn (56%) díobh i gcrích gan aon ghá a bheith ann le Cigire a cheapadh chun imscrúdú a sheoladh. I ngach cás den sórt sin, mhínigh an tÚdarás na cúiseanna nach bhféadfaí imscrúdú a thionscnamh. Ba é an chúis ba choitianta le diúltú imscrúdú a dhéanamh ar ghearán ná nár tháinig ábhar an ghearáin faoin sainmhíniú ar "iompar míchuí" atá sonraithe san Acht.

## Gearáin a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2018

Léirítear i gCairt 8 na gearáin uile a chuir an tAonad Gearáin i gcrích le linn na bliana 2018, agus iad miondealaithe de réir stádas cur i gcrích.

Cairt 8 Stádas na nGearán Uile a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2018 (gach bliain)




I dtús na bliana 2018, d'aithin an tÚdarás go raibh riaráiste stairiúil ann maidir leis an líon gearán a bhí ar láimh. Sannadh acmhainní breise chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste, rud a chumasaigh don Aonad Gearáin 430 gearán san iomlán a chur i gcrích sa bhliain 2018. Tá an figiúr sin comhdhéanta de 195 chás a cuireadh i gcrích i dtaca leis an 274 ghearán a fuarthas sa bhliain 2018 agus de 235 chomhad gearáin stairiúla a cuireadh i gcrích.


Léirítear san fhaisnéis i gCairt 8 an dul chun cinn suntasach a rinne an tAonad Gearáin le linn na bliana maidir le haghaidh a thabhairt ar an riaráiste comhad gearáin stairiúil agus ar na gearáin sin a fuarthas le linn na bliana araon. Tá an tÚdarás fós tiomanta dá chinntiú go leanfar leis an líon gearán atá ar láimh a laghdú.

## Gearáin a bhí ar Oscailt

Léirítear sa líon comhad gearáin a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana an staid maidir leis na comhaid ghearáin uile nach raibh curtha i gcrích go fóill, is cuma cén bhliain ina bhfuarthas an gearán. Díobh sin, tá níos mó ná a leath ag céim an iniúchta. Tugtar i gCairt

9 forbhreathnú ar na gearáin uile a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana.

**Cairt 9 Stádas na nGearán Uile a bhí ar Oscailt suas go dtí an 31 Nollaig 2018**




Tháinig laghdú suntasach ar an ualach cásanna a bhí ar oscailt ag an Údarás faoi dheireadh na bliana 2018. Bhí 154 chás ar oscailt ag an 31 Nollaig 2018, laghdaithe ón 296 chás a bhí ar oscailt ag deireadh na bliana 2017. Tá sé sin cothrom le laghdú 48% ón mbliain 2017 i leith ar an líon comhad gearáin atá ar oscailt.

Ag deireadh na bliana, bhí 64 ghearán (23%) a fuarthas in aghaidh ceadúnaithe sa bhliain 2018 ag feitheamh le measúnú tosaigh chun breith a thabhairt maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart imscrúdú a dhéanamh orthu. Bhí 5 chomhad stairiúla ag céim an mheasúnaithe tosaigh freisin, rud a d'fhág go raibh 69 ngearán san iomlán ag feitheamh le measúnú tosaigh ag deireadh na bliana. Uaireanta, lorgaítear soiléiriú ón gceadúnaí nó ón ngearánach le linn an mheasúnaithe tosaigh sula dtugtar breith maidir le cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le himscrúdú. Tapaíonn an tÚdarás an deis ag an gcéim sin freisin a mheabhrú don dá pháirtí gur féidir leo teacht ar réiteach neamhfhoirmiúil, mar atá beartaithe in alt 63(2)(c) den Acht.

Bhí 85 chás ag céim an iniúchta ag deireadh na bliana. Is é atá i gceist leis na gearáin atá ag céim an iniúchta ná gearáin ar ina leith a ceapadh Cigire, gearáin atá á mbreithniú nó gearáin atá ag feitheamh le ceapadh Cigire. De na gearáin a bhí ag céim an iniúchta, fuarthas 13 cinn díobh sa bhliain 2018.

**Na Cúiseanna le Gearáin**

Bíonn raon leathan saincheisteanna i gceist le gearáin. Tugtar i gCairt 10 miondealú ginearálta ar na gearáin a fuarthas sa bhliain 2018.

Léirítear sa chairt na catagóirí is coitianta ar féidir gearáin a chur iontu, bunaithe ar chineál an ghearáin. Agus na figiúirí sa chairt á léiriú, tá sé tábhachtach a chuimhneamh gur féidir roinnt saincheisteanna a bheith i gceist leis an aon ghearán amháin agus, dá bhrí sin, gur féidir leis an ngearán teacht faoi níos mó ná catagóir amháin. Dá réir sin, is mó an líon cúiseanna le casaoidí ná an líon iarbhír gearán i ngach cás, i.e. d'fhéadfadh dhá líomhain ar leith nó níos mó teacht as an aon ghearán amháin. Is féidir an méid sin a fheiceáil i gCairt 7. Cé go léirítear inti go bhfuarthas 274 ghearán sa bhliain 2018, bhí 352 chúis ann leis na gearáin sin. Ina ainneoin sin, tá an chairt ina dea-tháscaire ar chineál na ngearán agus na dtuairiscí a fhaightear, ar nithe iad nach mór don Údarás measúnú agus imscrúdú a dhéanamh orthu.

**Cairt 10 Na Cúiseanna leis na Gearáin a Fuarthas sa bhliain 2018**

| Cineál an Ghearáin | An Líon Gearán, agus iad Miondealaithe de réir Foras | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Soláthar Seirbhísí (I gcás nach raibh an gearánach sásta leis an tseirbhís a soláthraíodh) | 158 | 45% |
| Coinneáil Airgid ag Soláthraí Seirbhísí Maoine | 45 | 13% |
| Táillí nó Eisíocaíochtaí (I gcás nár aontaigh an gearánach le méid na dtáillí a gearradh nó leis na speansais/na heisíocaíochtaí a tabhaíodh) | 25 | 7% |
| Fógraíocht | 22 | 6.20% |
| Litir Fruilithe (I gcás go raibh an Litir Fruilithe ar iarraidh nó easnamhach ar bhealach éigin) | 20 | 5.60% |
| Oibríocht Neamhcheadúnaithe (I gcás go ndearnadh tuairisc maidir le trádáil neamhcheadúnaithe nó i gcás go ndearnadh gearán in aghaidh gnólachta agus go bhfuarthas amach ina dhiaidh sin nach raibh an gnólacht ceadúnaithe) | 22 | 6.20% |
| Iompar Eiticiúil (I gcás gur mheas an gearánach go raibh iompar an tSoláthraí Seirbhísí Maoine mí-eiticiúil) | 19 | 5.30% |
| Cuntas Cliaint (I gcás go ndearnadh líomhain maidir le míchuibheas i dtaca le hoibriú an Chuntais Chliaint) | 8 | 2.30% |
| Coinbhleacht Leasa | 7 | 2% |
| Eile | 26 | 7.40% |

Is féidir na cineálacha iompraíochta nó na heasnaimh a ndearnadh gearán fúthu i roinnt de na catagóirí – mar shampla, Soláthar Seirbhísí, Iompar Eiticiúil agus Fógraíocht – a léiriú ar bhealaí difriúla. Fiú amháin i gcás go bhfuil an gearánach míshásta dáiríre lenar thit amach agus é/í ag déileáil le soláthraí seirbhísí maoine, tá seans ann go fóill nach dtiocfaidh an méid sin faoin sainmhíniú ar "iompar míchuí" atá in alt 2 den Acht. Tá an difríocht sin idir an bhraistint go raibh éagóir ann agus an sainmhíniú ar iompar míchuí ar cheann de na príomhchúiseanna leis an líon réasúnta ard gearán a ndiúltaíonn an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh orthu, mar atá léirithe thuas i gCairt 8. Is gá a chuimhneamh freisin nach bhfuil i ngearáin den sórt sin ach líomhaintí ó ghearánaigh agus nach bhféadfar a rá go raibh aon iompar míchuí ann go dtí gur cuireadh imscrúdú i gcrích agus gur cinneadh gur gabhadh d'iompar míchuí.

**Smachtbhannaí a Forchuireadh de bhun Gearán**

Cuireadh 93 ghearán i gcrích tar éis imscrúdaithe sa bhliain 2018. Níor thángthas ar aon iompar míchuí i 64 chás (69%). Cinneadh gur gabhadh d'iompar míchuí i 29 gcás (31%) agus forchuireadh smachtbhanna ina leith. Forchuireadh mion-smachtbhanna i 26 chás agus tógadh 3 ghearán in aghaidh an aon soláthraí seirbhísí maoine amháin le chéile agus forchuireadh mór-smachtbhanna amháin ina leith.

Is é seo a leanas forbhreathnú ar roinnt de na smachtbhannaí a forchuireadh:-


Mór-Smachtbhanna

- Forchuireadh mór-smachtbhanna ar sholáthraí seirbhísí maoine amháin (áit ar ordaigh an tÚdarás don cheadúnaí suim €7,500 a íoc isteach sa Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine). Dhaingnigh an Ard-Chúirt an mór-smachtbhanna ina dhiaidh sin. Forchuireadh an smachtbhanna i leith sáruithe carnacha a bhain leis na nithe seo a leanas: roinnt éarlaisí áirithinte a thógáil ag an aon am amháin i leith maoin amháin; ró-mhuirear a ghearradh; mainneachtain litreacha fruilithe a eisiúint chuig cliaint; agus mainneachtain tairiscintí a chur in iúl don chliant.

Mion-Smachtbhanna

- Forchuireadh Comhairle mar smachtbhanna in 2 chás. Bhain siad sin le sáruithe ar alt 43 den Acht, lenar áiríodh gan Litir Fruilithe a sholáthar nó a chomhlánú go hiomlán.
- Forchuireadh Rabhadh mar smachtbhanna i 16 chás. Bhain siad sin leis na nithe seo a leanas: mainneachtain litir fruilithe a sholáthar de réir alt 43 den Acht; mainneachtain taifid a choinneáil de réir alt 44; agus mainneachtain an fhoirm shonraithe a úsáid le haghaidh tairiscintí a thaifeadadh de réir alt 61.
- Forchuireadh Iomardú mar smachtbhanna i 5 chás. Bhain siad sin le sáruithe ar alt 6(6) de na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Airgead Cliaint), 2012 (na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint), rud ar ionstraim reachtúil é lena bpléitear leis an moill ar airgead cliaint a chur ar aghaidh.
- Forchuireadh meascán de smachtbhannaí riaracháin i 3 chás. Bhain siad sin le gan litir fruilithe a sholáthar de réir alt 43 agus le hairgead a choinneáil siar de shárú ar na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint.

**Cairt 11 Smachtbhannaí a Forchuireadh de bhun Gearán sa bhliain 2018**




**Achomhairc de bhun Gearán**

Foráiltear leis an Acht do phróiseas achomhairc neamhspleách, ar faoina bhun a fhéadfaidh an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine achomhairc i gcoinne

na mbreitheanna seo a leanas ón Údarás a éisteacht agus a chinneadh.

(a) Diúltú ceadúnas a eisiúint ar na forais nach duine cuí ceart é/í duine chun seirbhís maoine a sholáthar nó nach gcomhlíonann an duine ceanglais áirithe de chuid an Achta nó de chuid Rialachán arna ndéanamh faoin Acht;

(b) Diúltú imscrúdú a dhéanamh ar ghearán faoi alt 63(2);

(c) Mion-smachtbhanna a fhorchur faoi alt 68(4)(a);

(d) Gearán a dhíbhe faoi alt 68(4)(c); agus

(e) Diúltú deontas a thabhairt as an gCiste Cúitimh nó breith a bhaineann le méid an deontais a thugtar.

Féadfaidh aon duine, lena n-áirítear duine dlítheanach agus cuideachta, arb éagóir leis nó léi breith ón Údarás achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc i gcoinne na breithe ón Údarás laistigh de 30 lá ón mbreith a fháil. Ní mór an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig Rúnaí an Bhoird Achomhairc agus ní mór forais an achomhairc agus na cúiseanna, na cúinsí agus na hargóintí ar a bhfuil siad bunaithe a leagan amach ann. Beidh an tÚdarás ina pháirtí i ngach uile achomharc. San am i láthair, níl aon táille fhorordaithe le híoc ag achomharcóir.

Laistigh de 14 lá ón tráth a gheobhaidh sé fógra achomhairc, ní mór don Údarás cóip de na doiciméid uile nó den fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an mbreith is ábhar don achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc. Féadfaidh an tÚdarás, dá rogha féin, aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc laistigh de 30 lá. I gcás inarb é tuairim an Bhoird Achomhairc gur gá faisnéis bhreise chun a chumasú dó achomharc a chinneadh, féadfaidh sé fógra a sheirbheáil ar aon pháirtí lena gceanglaítear ar an bpáirtí faisnéis shonraithe a chur faoina bhráid.

Féadfaidh an Bord Achomhairc (a) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, (b) an ní a tharchur chuig an Údarás lena athbhreithniú agus chun breith nua a thabhairt, nó (c) an bhreith is ábhar don achomharc a neamhniú agus breith dá chuid féin a chur ina hionad.

Ní mór don Bhord Achomhairc aon achomharc a dhíbhe i gcás gurb é a thuairim gur achomharc suaibhreosach nó cráiteach é nó gur achomharc gan substaint ná foras é. Féadfaidh aon pháirtí in achomharc achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar cheist dlí a eascraíonn as an gcinneadh ar an achomharc.

**Achomhairc a ndearnadh breithniú orthu agus na Torthaí a bhí orthu**

Le linn na bliana 2018, fuair an Bord Achomhairc 34 achomharc ó ghearánaigh ar dhiúltaigh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin uathu faoi alt 63(2) den Acht nó ar mhian leo achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón Údarás faoi alt 68(4)(a) nó (c) den Acht maidir le gearán a dhíbhe nó smachtbhanna a fhorchur tar éis dó imscrúdú a chur i gcrích.

Rinne an Bord Achomhairc breithniú ar 28 ngearán san iomlán le linn na bliana 2018. Tugadh 5 cinn de na 28 gcás sin ar aghaidh ón mbliain 2017. Tugadh breith maidir le 23 cinn de na 34 achomharc a fuarthas le linn na bliana 2018. Déantar achoimre i gCairt 12 ar na torthaí ar na hachomhairc éagsúla a ndearna an Bord Achomhairc breithniú orthu.

Bhí 11 ghearán a cuireadh i gcrích i mblianta roimhe faoi achomharc chun an Bhoird Achomhairc ag deireadh na bliana. Aicmítear gearáin den sórt sin mar ghearáin atá curtha i gcrích go dtí go gcuirfidh an Bord Achomhairc breith nó ordachán eile in iúl don Údarás ina leith. Samplaí d'ordacháin den sórt sin is ea a ordú don Údarás aon bhreith a tugadh a athbhreithniú nó a ordú go seolfaí imscrúdú ar ghearán ar diúltaíodh imscrúdú a dhéanamh air roimhe sin.

Féadfar achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Achomhairc um Sheirbhísí Maoine i gcoinne na breithe ón Údarás diúltú imscrúdú a dhéanamh.

**Cairt 12 Achoimre ar na Breitheanna ón mBord Achomhairc sa bhliain 2018**

| Toradh | An Líon Achomharc | Céatadán den Iomlán |
|---|---|---|
| Dícheadaíodh an tAchomharc – Seasadh leis an mBreith ón Údarás | 27 | 96% |
| Ceadaíodh an tAchomharc – Aisiompaíodh an Bhreith ón Údarás | 1 | 4% |

Léirítear i gCairt 12 gur dhícheadaigh an Bord Achomhairc an t-achomharc i 27 gcás (96% den líon iomlán cásanna inar tugadh breith) agus, ar an mbealach sin, gur dhaingnigh sé an bhreith ón Údarás i ngach ceann de na cásanna sin. Rinne an Bord Achomhairc ceann amháin de na breitheanna ón Údarás a aisiompú le linn na bliana 2018, rud a bhain le gearán. Tháinig an Bord Achomhairc ar an mbreith sin bunaithe ar fhaisnéis bhreise a tugadh go díreach dó. Ní raibh an fhaisnéis sin ar fáil don Údarás tráth a thug sé an bhreith uaidh. Dhiúltaigh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh toisc, bunaithe ar an bhfaisnéis a tugadh dó, nár mheas sé gur léiríodh iompar míchuí sna sonraí a bhí sa ghearán. Chuir an tÚdarás tús le himscrúdú ar an ngearán ó shin i leith agus tá an fhaisnéis bhreise a tugadh don Bhord Achomhairc ina sheilbh aige anois.

### Trádáil Neamhcheadúnaithe agus Ionchúisimh

Tá an tÚdarás dáiríre faoin gceanglas reachtúil atá ann go mbeadh ceadúnas ag aon duine nó ag aon chuideachta atá ag soláthar, ag tairiscint nó ag fógairt seirbhísí maoine. Nuair a sholáthraíonn cuideachtaí nó daoine aonair seirbhísí gan cheadúnas, baineann siad dá gcuid cliant na cosaintí tábhachtacha tomhaltóirí atá ar fáil dóibh faoin Acht agus cruthaíonn siad iomaíocht éagórach dóibh sin a sholáthraíonn seirbhísí de réir an dlí. D'fhonn ionchúisimh a thabhairt faoi alt 28 den Acht, seolann an tÚdarás imscrúduithe ar chuideachtaí agus ar dhaoine aonair a bhfuiltear i ndrochamhras go bhfuil siad ag gabháil do thrádáil neamhcheadúnaithe. Is féidir go n-eascróidh na himscrúduithe sin as tuairiscí ó dhaoine den phobal go bhfuiltear ag gabháil do thrádáil neamhcheadúnaithe. Is féidir go n-eascróidh siad freisin as gearáin maidir le hiompar míchuí a dhéanann cliaint de chuid soláthraithe seirbhísí de mheon macánta, i gcás nach eol dóibh go bhfuil an chuideachta nó an duine aonair is ábhar don ghearán ag oibriú gan cheadúnas.

Thionscain an tÚdarás trí ionchúiseamh den sórt sin le linn na bliana 2018. Tionscnaíodh iad in aghaidh beirt cheantálaithe agus in aghaidh marglann beostoic amháin. Baineadh ciontú amach i gceann amháin de na hionchúisimh faoi dheireadh na bliana agus d'eisigh an Chúirt fíneáil €500 ina leith. Níor bhain an dá ionchúiseamh eile an Chúirt amach faoi dheireadh na bliana.

Mar atá léirithe i gCairt 13, fuarthas 33 thuairisc maidir le trádáil neamhcheadúnaithe sa bhliain 2018. Bhain 22 cheann díobh sin le tuairisc maidir le trádáil neamhcheadúnaithe nó le gearán maidir le hiompar míchuí a rinneadh in aghaidh soláthraí seirbhísí, áit a bhfuarthas amach ina dhiaidh sin nach raibh an soláthraí seirbhísí ceadúnaithe agus ar tionscnaíodh imscrúdú ina leith. I gcás 11 ghearán a cuireadh isteach, dúnadh iad tar éis measúnú tosaigh a dhéanamh orthu. Ní raibh ceadúnas ag teastáil i 6 cinn de na cásanna sin agus tharraing an gearánach an gearán siar i 5 chás toisc gur deonaíodh ceadúnas don soláthraí seirbhísí ina dhiaidh sin.

**Cairt 13 Stádas na nGearán maidir le Trádáil Neamhcheadúnaithe**

| Stádas na nGearán | An Líon Gearán maidir le Trádáil Neamhch-eadúnaithe |
|---|---|
| Dúnadh an gearán láithreach (tarraingíodh 5 chás siar agus ní raibh ceadúnas ag teastáil i 6 chás) | 11 |
| Rinneadh imscrúdú ar an ngearán agus cuireadh i gcrích é sa bhliain 2018 (deonaíodh ceadúnas i 3 chás, ní raibh aon fhianaise ann go raibh an soláthraí seirbhísí ag trádáil i 9 gcás agus scoir an soláthraí seirbhísí de bheith ag trádáil i 5 chás) | 17 |
| Bhí an gearán fós ar oscailt (bhí 2 cheann i gcéim an mheasúnaithe tosaigh agus bhí 3 cinn i gcéim an iniúchta) | 5 |

Mar riail, ní ionann an líon comhad a osclaíodh i leith oibreoirí neamhcheadúnaithe (33 cinn) agus an líon imscrúduithe nó tuairiscí a taifeadadh. Tarlaíonn sé sin ar roinnt cúiseanna. Mar shampla, d’fhéadfaí roinnt gearán a dhéanamh in aghaidh an aon oibreora amháin gan ach imscrúdú amháin a ghiniúint orthu nó d’fhéadfaí comhad a chur i gcrích láithreach i gcás go bhfaightear amach nach raibh ceadúnas ag teastáil. D’fhéadfadh roinnt ionchúiseamh eascairt as an aon imscrúdú amháin freisin, e.g. ionchúisimh in aghaidh cuideachta agus a príomhoifigigh/príomhoifigeach.

## Caighdeáin a Bhreithniú: Imscrúduithe Iniúchta ar Chomhlíonadh

Seolann an tÚdarás imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh i leith gach gnólachta cheadúnaithe agus aithníonn sé an tairbhe ollmhór a bhaintear as imscrúduithe den sórt sin. Tá an próiseas imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh ina uirlis thábhachtach le haghaidh oideachas agus eolas a chur ar ghnólachtaí ceadúnaithe faoi na caighdeáin atá le baint amach acu agus iad ag oibriú mar cheadúnaí. Mar thoradh ar imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh, cinntítear go gcomhlíontar forálacha reachtúla an Achta agus na rialacháin lena mbaineann agus cuirtear iontaoibh i gcliaint agus iad ag baint leas as na seirbhísí de chuid soláthraithe seirbhísí maoine. Is modh an-éifeachtach iad freisin inar féidir leis an Údarás caidreamh a dhéanamh le gnólachtaí ceadúnaithe agus cluinstin faoi na saincheisteanna atá i réim ar an talamh.

Thar an gcéad seacht mí den bhliain 2018, lean an tÚdarás le fruiliú a dhéanamh ar Chigirí seachfhoinsithe ag a raibh an saineolas a bhí riachtanach chun tabhairt faoi imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh thar ceann an Údaráis. Chuaigh an conradh sin in éag ag deireadh mhí Iúil 2018 agus ullmhaíodh comórtas nua tairisceana lena fhoilsiú. Lean baill foirne an Údaráis le tabhairt faoi imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh suas go deireadh na bliana.

Tá éagsúlacht shuntasach ann i ngach contae maidir leis an líon gnólachtaí ceadúnaithe atá lonnaithe iontu. Chuir an tÚdarás an méid sin, agus an líon imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh a rinneadh roimhe sin i ngach contae, san áireamh agus iniúchtaí á sceidealú aige don bhliain 2018. Sceidealaigh an tÚdarás imscrúduithe iniúchta i ngach contae ar fud na tíre. Mar thoradh air sin, bhí iniúchadh déanta ar 63% de ghnólachtaí ceadúnaithe ó thosach feidhme na feidhme Iniúchóireachta suas go deireadh mhí na Nollag 2018. Chuir an tÚdarás 448 n-imscrúdú iniúchta i gcrích le linn na bliana. Léirítear i gCairt 14 an líon iomlán gnólachtaí ceadúnaithe a bhí ann agus an líon imscrúduithe iniúchta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2018, agus iad miondealaithe de réir chéatadán na n-imscrúduithe iniúchta, agus de réir chéatadán foriomlán na n-imscrúduithe iniúchta, a cuireadh i gcrích ó thosach feidhme na feidhme iniúchóireachta i leith.

**Cairt 14 An Líon Imscrúduithe Iniúchta ar Chomhlíonadh a Cuireadh i gCrích de réir an Chontae**

| CONTAE | An Líon Iomlán Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe (Gnólachtaí) | An líon iomlán Gnólachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2018 | Céatadán na nGnólachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2018 | Céatadán foriomlán na nGnólachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu ón mbliain 2015 go dtí an bhliain 2018, agus an dá bhliain sin san áireamh |
|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 21 | 9 | 43% | 81% |
| An Cabhán | 35 | 14 | 40% | 69% |
| An Clár | 46 | 14 | 30% | 87% |
| Corcaigh | 208 | 32 | 15% | 53% |
| Dún na nGall | 59 | 7 | 12% | 74% |
| Baile Átha Cliath | 548 | 138 | 25% | 57% |
| Gaillimh | 116 | 19 | 16% | 66% |
| Ciarraí | 68 | 14 | 21% | 70% |
| Cill Dara | 76 | 24 | 32% | 54% |
| Cill Chainnigh | 39 | 10 | 26% | 74% |
| Laois | 31 | 0 | 0% | 64% |
| Liatroim | 18 | 2 | 11% | 61% |
| Luimneach | 61 | 15 | 25% | 75% |
| An Longfort | 25 | 8 | 32% | 64% |
| Lú | 49 | 22 | 45% | 63% |
| Maigh Eo | 64 | 10 | 16% | 65% |
| An Mhí | 48 | 19 | 40% | 58% |
| Muineachán | 21 | 10 | 48% | 95% |
| Uíbh Fhailí | 28 | 12 | 43% | 82% |
| Ros Comáin | 33 | 10 | 30% | 81% |
| Sligeach | 36 | 7 | 19% | 66% |
| Tiobraid Árann | 62 | 10 | 16% | 59% |
| Port Láirge | 44 | 8 | 18% | 61% |
| An Iarmhí | 45 | 11 | 24% | 57% |
| Loch Garman | 45 | 12 | 27% | 53% |
| Cill Mhantáin | 46 | 11 | 24% | 74% |
| **IOMLÁN** | **1872** | **448** | | **63%** |


**Fionnachtana Iniúchta agus na Smachtbhannaí a Forchuireadh**

Aithníonn an tÚdarás go raibh na hailt iniúchta den Acht á gcomhlíonadh ag 228 gcinn, nó 51%, de na gnólachtaí ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2018. Bhí sáruithe déanta ag 206 cinn, nó 46%, de na gnólachtaí ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu agus forchuireadh mion-smachtbhannaí ina leith. Ní raibh seirbhísí maoine á soláthar ag 14 ghnólacht a raibh ceadúnas ón Údarás ina seilbh acu, nó 3% díobh, tráth an imscrúdaithe iniúchta. Tugtar i gCairt 15 miondealú ar na mion-smachtbhannaí a forchuireadh ar 206 ghnólacht cheadúnaithe. I gcásanna áirithe, forchuireadh níos mó ná mion-smachtbhanna amháin ar ghnólacht ceadúnaithe. Dá bhrí sin, is mó an líon mion-smachtbhannaí atá leagtha amach ná an líon cásanna a ndearnadh sáruithe iontu. Níor forchuireadh aon mhór-smachtbhannaí de bhun imscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh a seoladh sa bhliain 2018.

Léirítear sa mhiondealú seo a leanas na mion-smachtbhannaí a forchuireadh tar éis iniúchtaí a chur i gcrích sa bhliain 2018:

- Forchuireadh Comhairle mar smachtbhanna i 43 chás. Bhain siad sin leis na sáruithe seo a leanas ar an Acht:
  - Alt 37(1), i dtaca le ceadúnais a thaispeáint agus a thabhairt ar aird;
  - Alt 55, i dtaca le mainneachtain ráiteas maidir le margadhluach comhairlithe nó luach ligin comhairlithe a thabhairt nuair a iarradh é; agus
  - Na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint, i dtaca le mainneachtain táillí a asbhaint ón gcuntas cliaint;
- Forchuireadh Faichill mar smachtbhanna i 64 chás. Bhain siad sin le sáruithe ar an Acht agus ar na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint:
  - Alt 37(2)(a) agus (b), i dtaca le ceadúnais a thaispeáint agus a thabhairt ar aird; agus
  - Mainneachtain an ráiteas cothromaíochta eatramhach ar an gCuntas Cliaint a chomhlánú;
- Forchuireadh Rabhadh mar smachtbhanna i 170 cás. Bhain siad sin leis na sáruithe seo a leanas ar an Acht:
  - Alt 43, i dtaca le mainneachtain Litreacha Fruilithe – nach raibh comhlánaithe nó a bhí comhlánaithe go páirteach – a shíniú laistigh den tréimhse ama;
  - Alt 37(4), i dtaca le mainneachtain ceadúnas a thabhairt ar aird nuair a iarradh é; agus
  - Alt 45, i dtaca le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla nár chomhlíon ceanglais na Rialachán ina n-iomláine;
- Forchuireadh Iomardú mar smachtbhanna i 4 chás. Bhain siad sin le sáruithe ar Rialachán 6(6) de na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint i dtaca le próisis agus nósanna imeachta airgeadais neamhimleora a bheith i bhfeidhm.


**Cairt 15 Mion-Smachtbhannaí a Forchuireadh de bhun Iniúchtaí sa bhliain 2018**




**Sáruithe Coitianta**

Tarraingíodh aird ar roinnt sáruithe coitianta san earnáil sna fionnachtana ó na himscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh a rinneadh sa bhliain 2018. Tá na sáruithe sin leagtha amach i gCairt 16. Tá seans ann go raibh níos mó ná sárú amháin i gceist leis an aon iniúchadh amháin i gcásanna áirithe.

**Cairt 16 Imscrúduithe Iniúchta ar Chomhlíonadh 2018 - Na Sáruithe Coitianta a Sainaithníodh**



Is iad seo a leanas samplaí de na sáruithe coitianta a sainaithníodh:

- Sáruithe ar na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint:
  - Rinne an ceadúnaí caiteachas pearsanta agus oifige a íoc amach as an gCuntas Cliaint
  - Thaisc an ceadúnaí airgead cliaint sa Chuntas Oifige
  - Shealbhaigh an ceadúnaí airgead, nárbh airgead cliaint é, sa Chuntas Cliaint
  - Níor shealbhaigh an ceadúnaí na taifid chuntasaíochta chuí
- Alt 37: Níor thaispeáin an ceadúnaí uimhir cheadúnais ar na nithe seo a leanas
  - Ábhar Fógraíochta
  - Comhfhreagras gnó a bhaineann leis an soláthar seirbhísí maoine
  - Comharthaí taispeána
- Alt 43: Litreacha Fruilithe
  - Níor bhain an ceadúnaí úsáid as litreacha fruilithe
  - Ní raibh litreacha fruilithe sínithe nó dátaithe ag an gceadúnaí nó ag an gcliant
  - Lean an ceadúnaí le seirbhísí maoine a sholáthar i gcás gur mhainnigh an cliant an litir fruilithe a shíniú
  - Ní raibh litreacha fruilithe comhlánaithe go hiomlán

**Achomhairc i gcoinne Smachtbhannaí a Forchuireadh**

Le linn na bliana 2018, fuair an Bord Achomhairc 5 achomharc i gcoinne smachtbhannaí a forchuireadh:

- Tá achomharc amháin fós ar oscailt
- Díbheadh achomharc amháin agus seasadh leis an mbreith ón Údarás
- Tarraingíodh 3 achomharc siar

## An Ciste Cúitimh

Riarann an tÚdarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bunaíodh faoin Acht. Maoiníonn an earnáil an Ciste ar bhonn bliantúil. Is é €200 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníoca atá le híoc ag Fostóir Seirbhísí Maoine isteach sa Chiste agus is é €50 in aghaidh na bliana an leibhéal ranníoca atá le híoc ag Fostaí.

I gcás gur deimhin leis an Údarás go bhfuil caillteanas fulaingthe ag cliant de chuid Soláthraí Seirbhísí Maoine de dheasca mímhacántachta ar thaobh an tSoláthraí Seirbhísí Maoine, féadfaidh sé, faoi réir coinníollacha áirithe atá sonraithe san Acht, deontas a thabhairt don chliant as an gCiste. Bhí thart ar €3.4 milliún chun creidmheasa don Chiste ag an 31 Nollaig 2018. Bhí 16 éileamh ar an gciste cúitimh ar láimh i dtús na bliana 2018. Fuarthas iad sin sa bhliain 2017. Fuarthas 25 éileamh nua sa bhliain 2018. Pléitear i gCairt 17A leis na héilimh a próiseáladh sa bhliain 2018. Rinneadh 11 cheann de na héilimh sin a dheonú go hiomlán nó go páirteach, agus iad ag baint le cúig iarcheadúnaí. Diúltaíodh sé éileamh déag agus bhí 14 éileamh eile ar an gCiste ar feitheamh ag deireadh na bliana.

### Cairt 17A Achoimre ar Éilimh ar an gCiste Cúitimh le linn na bliana 2018

| Éilimh ar an gCiste Cúitimh | | An Líon Éileamh |
|---|---|---|
| Éilimh Chúitimh a bhí ar Láimh ag an 31 Nollaig 2018 | | 41 |
| Deontais a Tugadh sa bhliain 2018 €30,938.87 | | 11 |
| Éilimh a Deonaíodh go hlomlán | 8 | |
| Éilimh a Deonaíodh go Páirteach | 3 | |
| Éilimh a Diúltaíodh | | 16* |
| Breitheanna a bhí ar Feitheamh | | 14 |

** De na 16 éileamh a diúltaíodh sa bhliain 2018, rinneadh achomharc chun an Bhoird Achomhairc i gcoinne na breithe i gcás amháin.*

### Cairt 17B Achomhairc i leith an Chiste Cúitimh ag Deireadh na Bliana

| Achomhairc i leith an Chiste Cúitimh | An Líon Achomharc |
|---|---|
| An Bord Achomhairc - Bhí Breith ar Feitheamh maidir le Diúltú Amháin | 1 |

Rinneadh íocaíochtaí dar luach iomlán €30,938.87 amach as an gCiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus bhí ceangaltais amuigh a bhí cothrom le €9,841 ann maidir le híocaíochtaí a dhéanamh ag deireadh na

bliana. Baineann €341 den fhigiúr sin le híocaíochtaí ar cheadaigh an Bord iad ag an gcruinniú dá chuid i mí na Nollag 2018. Baineann €9,500 sa bhreis le breith a thug an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine ar bhreith ón Údarás a chur ar ceal.

**An Ciste Cúitimh a Árachú**

Chomhaontaigh an tÚdarás an Ciste Cúitimh a athárachú chun é a chosaint agus chun a chinntiú gur féidir éilimh ar an gCiste a íoc. Athárachaíodh an Ciste ó lár mhí Dheireadh Fómhair 2018.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tosaíodh clár forbartha gairmiúla leanúnaí an Údaráis i mí Eanáir 2018 agus cuireadh i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta i mí an Mhárta é. Reáchtáladh imeachtaí i ngach réigiún ionas go mbeadh rochtain éasca ag ceadúnaithe ar an gclár.

Foráladh leis an Scéim go ndéanfadh an Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla agus Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, ag gníomhú dóibh thar ceann an Údaráis, cúig huaire fhoirmiúla d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do gach ceadúnaí de chuid an Údaráis. Ba iad Reachtaíocht agus Rialáil agus Saincheisteanna Ginearálta agus Bainistíocht an dá phríomhchatagóir ar díríodh orthu le linn na n-imeachtaí. Rinneadh an dá chatagóir sin a bhriseadh síos ina raon modúl difriúil inar cumhdaíodh na réimsí atá riachtanach chun a chinntiú go soláthraítear seirbhís ghairmiúil. Is é an toradh a bheidh ar an gclár éigeantach seo go mbeidh tuilleadh muiníne ag an bpobal as an gcumas atá ag soláthraithe seirbhísí maoine seirbhís ghairmiúil inniúil a sholáthar.

## Litreacha Fruilithe

Eisíodh leaganacha nuashonraithe de Litreacha Fruilithe teimpléadacha, ar a dtugtar Comhaontuithe Seirbhíse Maoine freisin, sa bhliain 2018. Ceanglaítear na doiciméid sin leis an Acht, ina luaitear nach mór do sholáthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe (ceadúnaí) Comhaontú Seirbhíse Maoine sínithe a bheith i bhfeidhm aige. Tá litreacha fruilithe ina gconradh idir an ceadúnaí agus an cliant agus ba cheart na seirbhísí maoine atá á soláthar agus na costais uile atá i gceist a leagan amach iontu. Ba cheart go gcuirfí tuilleadh muiníne sa phobal as soláthraithe seirbhísí maoine mar thoradh ar an gceanglas atá ann litreacha fruilithe a úsáid.

# SPRIOC 3 CAIDREAMH LEIS AN EARNÁIL AGUS FEASACHT AN PHOBAIL AR AN ÚDARÁS A CHUR CHUN CINN

Tapaíonn an tÚdarás gach deis chun caidreamh leis an earnáil agus feasacht an phobail ar ról agus feidhm an Údaráis a chur chun cinn.

## Feasacht an Phobail

### Feachtais sna Meáin

D'eagraigh an tÚdarás trí fheachtas faisnéise ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana 2018. Pléadh iontu sin le húsáid gníomhairí ligin ceadúnaithe agus leis an gceanglas atá ann foirm tuairisceáin léasa tráchtála a chomhlánú agus tarraingíodh aird iontu ar na hiarmhairtí a bhaineann le soláthraí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe a úsáid.

Pléadh leis an margadh ligin agus ar an úsáid gníomhairí ligin ceadúnaithe nó gníomhairí eastáit ceadúnaithe le linn an fheachtais mheán i mí Lúnasa, agus é dírithe go sonrach ar mhic léinn choláiste agus ollscoile. I gcomhar leis an bhfeachtas meán sin, d'eisigh an tÚdarás preaseisiúint maidir le gníomhairí ligin bréige a bhí ag airbheartú go raibh uimhir cheadúnais ón Údarás acu. Cuireadh arís eile le feasacht an phobail ina leith sin a bhuí leis an gclúdach comhuaineach a bhí ann sna meáin agus sa phreas araon.

Ba é aidhm an fheachtais mheán i mí Dheireadh Fómhair 2018 comhlíonadh tionóntaí a mhéadú i dtaca le foirmeacha léasa tráchtála a chur isteach. Sheol an tÚdarás feachtas litreacha i gcomhar le feachtas ar an raidió, ar lena linn a mheabhraigh sé do thionóntaí léasa tráchtála an oibleagáid reachtúil atá orthu sonraí faoina léasanna tráchtála a chur faoi bhráid an Údaráis lena bhfoilsiú ar an gClár poiblí Léasanna Tráchtála.

Tugadh tríú feachtas isteach i mí na Samhna 2018 chun an tairbhe a bhaineann le ceadúnaithe a fhruiliú a chur in iúl do thomhaltóirí. Tarraingíodh aird san fheachtas go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar phróiseas gearáin agus Ciste Cúitimh an Údaráis nuair a úsáideann siad na seirbhísí de chuid ceadúnaí.

### Imeachtaí Poiblí

Mar chuid den Bheartas Cumarsáide a foilsíodh sa bhliain 2018, rinne an tÚdarás dianiarracht leanúint lena chuid caidrimh leis an bpobal. Maidir leis sin, reáchtáladh seastán san Ionad Comhairle do Cheannaitheoirí agus Athraitheoirí Tí ag Seó na Sárthithe i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2018. Bhí ár mbaill foirne báite i gcuairteoirí ar an seastán agus bhí ár bhfreastal ar an taispeántas an-éifeachtach maidir le ról agus feidhmeanna an Údaráis a chur chun cinn.

Ghlac an tÚdarás páirt sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCo. Uíbh Fhailí i mí Mheán Fómhair 2018 faoin mbratach "An tIonad Náisiúnta Faisnéise Maoine agus Talún", áit ar tháinig sé le chéile, den dara bliain as a chéile, le gníomhaireachtaí poiblí agus príobháideacha a phléann le cúrsaí maoine. I dteannta an Údaráis, chuimsigh an t-ionad comhlachtaí maoine amhail Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus an Oifig Luachála; comhlachtaí ionadaíocha san earnáil maoine amhail Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann agus an Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla; Institiúid Eadránaithe na hÉireann; agus Myhome.ie. Rinne an tUas. Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Tuarascáil Bhliantúil ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2017 a sheoladh ag an imeacht. D'éirigh go geal lenár gcomhpháirtíocht le comhlachtaí maoine eile arís eile sa bhliain agus tá an tÚdarás ag tnúth le leanúint leis an gcomhpháirtíocht sin.



*Ó Chlé go Deas:- Geraldine Clarke, Cathaoirleach an Údaráis; an tUas. Charlie Flanagan TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais; agus Maeve Hogan, Príomhfheidhmeannach an Údaráis*

**Suíomh Gréasáin**

Thug an tÚdarás suíomh Gréasáin athchóirithe isteach sa bhliain 2018. Tá faisnéis faoi ról an Údaráis agus sonraí faoi gach réimse d'obair an Údaráis le fáil ar an suíomh. Is féidir na trí chlár phoiblí atá ar bun ag an Údarás a rochtain go héasca ar an suíomh. Is féidir foirmeacha riachtanacha agus na treoirdhoiciméid is gá a úsáid le linn seirbhís maoine a sholáthar a íoslódáil uaidh freisin. Tugtar ar an suíomh an t-eolas is deireanaí ar fad ar ghníomhaíochtaí an Údaráis. Tugtar faisnéis do thomhaltóirí maidir le gníomhaire ceadúnaithe a úsáid freisin.

**StudentLife Careers**

Thug an tÚdarás faoi thionscadal i gcomhar le "StudentLife Careers" le linn na bliana 2018. Is é is StudentLife Careers ann ná tionscnamh lena gcumasaítear do dhaltaí Idirbhliana agus do dhaltaí sa 5ú bliain agus sa 6ú bliain iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna gairme uile atá ar fáil dóibh. Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal ná físeán a chruthú inar cuireadh gairm an cheadúnaí chun cinn agus inar taispeánadh an tsolúbthacht agus na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair san earnáil agus na hionchais atá ann le haghaidh dul chun cinn gairme. Beidh an físeán deiridh ar fáil lena scaipeadh ar scoileanna go luath sa bhliain 2019.

## Caidreamh leis an Earnáil

**Suirbhé**

Reáchtáil an tÚdarás suirbhé ar líne i mí Lúnasa 2018 agus tugadh cuireadh do na ceadúnaithe uile páirt a ghlacadh ann. Ba é cuspóir an tsuirbhé léargas a fháil ar na tuairimí atá ag soláthraithe seirbhísí maoine maidir leis an tionchar atá ag an rialáil ar an earnáil. Díríodh ann ar eispéireas na gceadúnaithe, ar ról na rialála agus ar oibriú an Údaráis. Ghlac níos mó ná 1200 ceadúnaí (25%) páirt sa suirbhé, agus iad ag teacht ó gach ceann de na ceithre chatagóir ceadúnais.

Choimisiúnaigh an tÚdarás taighdeoir neamhspleách chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí. Ag teacht sna sála ar an suirbhé, thug an taighdeoir faoi shraith agallamh leathstruchtúrtha le sampla ceadúnaithe. Le linn na n-agallamh sin, bhí an taighdeoir in ann iniúchadh níos mine a dhéanamh ar roinnt de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas. Bhí an píosa taighde sin ar an gcéad cheann dá chineál agus ceaptar go ndearnadh suirbhé ar an sampla soláthraithe seirbhísí maoine is mó riamh in Éirinn lena linn. Foilseoidh an tÚdarás torthaí an taighde sa bhliain 2019 agus úsáidfear iad nuair a bheidh an chéad Phlean Straitéiseach eile ón Údarás á fhorbairt agus á chur chun feidhme.

**Seimineáir**

Reáchtáil an tÚdarás seimineáir in ocht láthair ar fud na tíre (Ciarraí, Corcaigh, Tiobraid Árann, Loch Garman, Baile Átha Cliath, an Mhí, Ros Comáin agus Gaillimh). Tugadh faoi na seimineáir ar aon dul leis an mbeartas cumarsáide uaidh, a bhfuil mar aidhm leis ceadúnaithe a choinneáil ar an eolas faoi thionscnaimh agus tionscadail de chuid an Údaráis. Phléigh an tÚdarás raon leathan topaicí le linn na seimineár sin, lenar áiríodh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; ceadúnú; imscrúduithe ar chomhlíonadh; gearáin; frithsciúradh airgid; forbairt an chláir phrintíseachta i Seirbhísí Ceantálaíochta agus Maoine; agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Bhí freastal maith ann ar na seimineáir agus, arís eile, bhí deis ag ceadúnaithe aon cheisteanna a bhí acu a chur ar bhaill foirne an Údaráis ar bhonn duine le duine lena linn. Modh cumarsáide an-luachmhar le ceadúnaithe is ea na seimineáir.

**Nuachtlitir**

D'eisigh an tÚdarás ceithre nuachtlitir chuig ceadúnaithe le linn na bliana 2018. Cumhdaíodh raon leathan topaicí iomchuí sna nuachtlitreacha, lenar áiríodh: an córas nua iarratais ar cheadúnas agus íocaíochta ar líne; forbairt ghairmiúil leanúnach; imscrúduithe agus ionchúisimh de chuid an Údaráis; an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí; agus an t-eolas is deireanaí ar nithe ar ábhair spéise don earnáil iad.

**Fóram**

Tá Fóram geallsealbhóirí earnála ar bun ag an Údarás. Cuimsíonn sé comhaltaí ón dá ghrúpa ionadaíocha (an Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla agus Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann), oifigigh um

chomhlíonadh agus soláthraithe seirbhísí, agus tháinig sé le chéile trí huaire le linn na bliana. Le linn na gcruinnithe sin, phléigh an Fóram topaicí amhail ceadúnú, oibreoirí neamhcheadúnaithe, gearáin, an clár léasanna tráchtála, forbairt ghairmiúil leanúnach agus caidreamh leis an earnáil. Tá an Fóram ina mhodh dearfach le haghaidh tuairimí a mhalartú maidir leis na saincheisteanna atá i réim san earnáil.

**Comhdháil 2019**

Mar chuid den Ráiteas Straitéise uaidh don tréimhse 2017-2020, tá sé beartaithe ag an Údarás comhdháil earnála a thionól. Chuathas i mbun pleanáil don imeacht tionscnaimh le linn na bliana 2018 agus sainaithníodh Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh mar láthair thosaíochta don imeacht. Faoi dheireadh na bliana, comhaontaíodh an t-imeacht a reáchtáil faoin téama "Seirbhísí Maoine – Aghaidh a Thabhairt ar an Todhchaí". Comhaontaíodh na topaicí le haghaidh plé, an clár oibre agus na cainteoirí don imeacht freisin.

# SPROIC 4 CLÁIR PHOIBLÍ A CHOTHABHÁIL

**Cláir Phoiblí**

Déanann an tÚdarás trí Chlár Phoiblí a chothabháil, is iad sin, an Clár Praghsanna Maoine Cónaithe, an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe agus an Clár Léasanna Tráchtála.

**An Clár Praghsanna Maoine Cónaithe**

Foilsítear ar an gClár Praghsanna Maoine praghas, dáta díola agus seoladh gach maoine cónaithe arna ndíol in Éirinn ó mhí Eanáir 2010 i leith. Faightear an fhaisnéis maidir le praghsanna díola maoine ó Rannóg Ríomhstampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuashonraítear an fhaisnéis sin ar bhonn seachtainiúil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Meastar gur tugadh 1.9 milliún cuairt ar an gClár Praghsanna Maoine sa bhliain 2018. D'fhág sé sin go raibh sé ar an gclár ba mhó cuairt de chuid an Údaráis.

**An Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe**

Foilsítear an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Baineann na cliaint de chuid soláthraithe seirbhísí maoine leas as an gclár chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhísí atá á fhruiliú acu ceadúnaithe. Tá cosaintí faoin Acht ar fáil don chliant nuair a úsáideann sé/sí soláthraí seirbhísí ceadúnaithe.

Áirítear iad seo a leanas leis na sonraí a fhoilsítear ar an gClár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe:

- Ainm an Cheadúnaí
- An contae ina bhfuil an gnólacht ceadúnaithe bunaithe
- Catagóir an Cheadúnaí (i.e. Cuideachta, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- Cineál Ceadúnais (A, B, C, D)
- Dáta Éaga an Cheadúnais

Nuashonraítear an Clár ar bhonn seachtainiúil.

**An Clár Léasanna Tráchtála**

Tá oibleagáid reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt i leith léasanna tráchtála arna ndéanamh an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh:


- Seoladh na maoine tráchtála atá ar léas;
- Dáta léas na maoine;
- Téarma blianta an léasa;
- An cíos is iníoctha i leith na maoine;
- Dáta thosach feidhme théarmaí an léasa;
- An chomaoin chaipitiúil (más ann) a bheidh le híoc ag an tionónta nó an tiarna talún i leith na maoine tráchtála is ábhar don léas;
- A mhinice a dhéanfar an cíos a athbhreithniú i leith na maoine;
- Na sonraí maidir leis an duine atá faoi dhliteanas i leith na rátaí, an árachais, na muirear seirbhíse agus na ndeisiúchán i leith na maoine;
- Glan-achar urláir na maoine in aghaidh gach urláir;
- Na sonraí (más ann) maidir le tréimhsí saor ó chíos, leis an am feistithe a cheadófar, le liúntais feistithe agus le ranníocaí caipitiúla i leith na maoine;
- Na sonraí maidir le haon chlásal scoir sa léas; agus
- An uimhir aitheantais deimhnithe, de réir bhrí na Rialachán Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí), 2009.

Foráiltear leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 88 den Acht go mbeidh oibleagáid dhlíthiúil ar dhaoine a dhéanfaidh léas tráchtála tuilleadh sonraí faoin léas a chlárú ar bhunachar sonraí léasanna tráchtála an Údaráis laistigh de mhí amháin. Leanann an tÚdarás le hiarracht a dhéanamh comhlíonadh a chur chun cinn agus a spreagadh ina leith sin.

Sa bhliain 2018, lean an tÚdarás le feabhas a chur ar an mbunachar sonraí léasanna tráchtála agus ar an bhfoirm ar líne ionas go bhféadfaí an fhaisnéis éigeantach a chur isteach ar bhealach níos struchtúrtha agus níos soláimhsithe. Cuireadh nuálaíochtaí chun feidhme sa bhliain 2018, lenar áiríodh admhálacha uathoibríocha ríomhphoist lena dtugtar dearbhú láithreach do thionóntaí gur cláraíodh a léas. Cuireadh leagan Gaeilge den fhoirm ar líne ar fáil le linn na bliana freisin. Fuarthas 32,000 tuairisceán léasa, agus foilsíodh iad go léir ar shuíomh Gréasáin an Údaráis, faoi dheireadh na bliana. Leanann an tAonad Léasanna Tráchtála le hiarracht a dhéanamh comhlíonadh a mhéadú trí fheachtais éagsúla feasachta poiblí a reáchtáil. Ag deireadh na bliana 2018, ba é 63% an ráta comhlíonta foriomlán le haghaidh tuairisceáin léasa tráchtála a chur isteach.

# SPROIC 5 EAGRAÍOCHT ATÁ ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL A SHOLÁTHAR

**Cairt 18 Struchtúr Soláthar Foirne ag an 31 Nollaig 2018**




**POF** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, **PC** - Príomhoifigeach Cúnta, **AF** - Ardoifigeach Feidhmiúcháin, **OF** - Oifigeach Feidhmiúcháin, **OC** - Oifigeach Cléireachais

### Acmhainní Soláthar Foirne

Leithdháileadh soláthar foirne breise ar an Údarás sa bhliain 2018 nuair a tháinig cúigear isteach san fhoireann i mí Eanáir 2018. Tugadh ardú céime sa bhliain do thriúr Oifigeach Feidhmiúcháin a bhí ann cheana. Roghnaíodh iad ón bpainéal Imscrúdaitheoirí Rialála a cuireadh le chéile sa bhliain 2017. Dá ainneoin sin, bhí acmhainní soláthar foirne ar cheann de thosaíochtaí leanúnacha an Údaráis fós.

Ag deireadh na bliana, bhí an tÚdarás, a raibh an Príomhfheidhmeannach i gceannas air, comhdhéanta de bheirt Phríomhoifigeach Chúnta, 10.8 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 3.8 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 9.3 Oifigeach Cléireachais (léirithe mar choibhéisí lánaimseartha).

### Acmhainní Seachfhoinsithe

Sa bhliain 2018, lean IP Forensics Ltd. leis na hacmhainní cáilithe a theastaíonn chun imscrúduithe a dhéanamh a sholáthar.

Príomhréimse d'obair imscrúdaithe na gCigirí seachtracha sa bhliain 2018 ba ea imscrúdú iniúchta ar chomhlíonadh a dhéanamh ar an dóigh a raibh an ceadúnaí ag comhlíonadh an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. De bhreis ar na himscrúduithe iniúchta ar chomhlíonadh, thug na Cigirí seachfhoinsithe cabhair le linn imscrúduithe a dhéanamh ar ghearáin. Chuaigh an conradh sin in éag sa bhliain 2018 agus bhí an-dul chun cinn déanta ar chomórtas nua tairisceana a ullmhú ag deireadh na bliana 2018.

### Oifigigh Chléireachais Shealadacha

Chun cabhrú leis an Údarás le linn a bhuaicthréimhse athnuachana ceadúnais i mí an Mheithimh agus i mí Iúil, fuair an tÚdarás tacaíocht ó sheisear oifigeach cléireachais sealadacha. B'ionann é sin san iomlán agus obair 60 seachtain. Bhí tionchar dearfach ag an bhfáil ar na hacmhainní breise sin don Údarás ar an aga próiseála agus bhí gnóthachain éifeachtúlachta ann dá mbarr i gcás iarratais ar athnuachan ceadúnais.

### An tÚdarás a Mhaoiniú

Gach bliain, déantar na táillí a ngineann an tÚdarás iad a íoc go díreach isteach sa Státchiste agus déanann an Státchiste soláthar airgeadais don Údarás ansin. Is

é €1,000 in aghaidh na bliana an táille ceadúnais nó an táille athnuachana ceadúnais atá le híoc ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €100 in aghaidh na bliana an táille atá le híoc ag Fostaí. Sa bhliain 2018, thug an tÚdarás ioncam €2.25 milliún ó tháillí ceadúnais ar ais don Státchiste. Sa bhliain chéanna, b'ionann agus €2.015 milliún an deontas a thug an Státchiste don Údarás.

**Rialachas Corparáideach**

Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás bunaithe orthu seo a leanas:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011;
- An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- An Cód Iompair Ghnó do chomhaltaí an Údaráis; agus
- Nósanna imeachta Airgeadais agus Soláthair.

Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann an tÚdarás na nithe iomchuí go léir a bhaineann le rialachas corparáideach arna n-eisiúint ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag aon Roinn eile Rialtais. Bhí Comhaontú Formhaoirseachta comhaontaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais don bhliain 2018. Athbhreithníodh é le linn na bliana freisin. Is féidir an comhaontú a léamh ar shuíomh Gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Is féidir cóip den Chomhaontú Formhaoirseachta a léamh anseo

Tugtar sainordú leis an gComhaontú Formhaoirseachta go gcomhlíonfar ceanglais iomchuí an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ar bhonn leanúnach, agus baineadh an méid sin amach.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus measann sé go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais don bhliain 2018 ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis ag deireadh na bliana sin. Chomhlíon an tÚdarás na hoibleagáidí go léir atá air faoin dlí cánach.

Ós rud é go bhfuil an tÚdarás faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tá sé faoi réir iniúchadh bliantúil ag an rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn. Ar leithligh uaidh sin, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar an Údarás chun a chinntiú go bhfuil leabhair chuí chuntas ann, go bhfuiltear ag coinneáil próisis ar bun agus go bhfuiltear ag cloí le nósanna imeachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach don Údarás as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin dá bhforáiltear faoi alt 19 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, de réir mar is gá. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí ar an bPlean Straitéiseach agus ar an gClár Rioscaí i láthair ag gach cruinniú de chuid an Údaráis.

Tá an tÚdarás lántiomanta dá chinntiú go gcoinneoidh sé cultúr láidir rialachais chorparáidigh ar bun ar fud a fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí uile agus, nuair is gá, go dtabharfaidh sé aghaidh ar aon laigí a shainaithneofar.

**An Cód Caiteachais Phoiblí**

Lean an tÚdarás ar aghaidh ar fud na bliana ag cloí leis na gnéithe iomchuí den Chód Caiteachais Phoiblí arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Oibriú an Údaráis**

Tá Cathaoirleach an Údaráis i gceannas ar an mBord agus cinntíonn sé go n-oibríonn sé go héifeachtach ach a ghnó a eagrú agus a chlár oibre a shocrú. De bhreis ar an gCathaoirleach, tá deichniúr comhaltaí eile den Údarás ann a bhfuil raon leathan scileanna láidre comhlántacha acu. Roimh gach cruinniú de chuid an Údaráis, scaiptear ar chomhaltaí an Údaráis na tuarascálacha agus na páipéir iomchuí, lena n-áirítear sonraí faoi fheidhmíocht airgeadais agus faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh agus faoin dul chun cinn atá déanta air, de réir mar is cuí. Bíonn deis ag an mBord na tuarascálacha sin a phlé agus an t-eolas is deireanaí a fháil ón bPríomhfheidhmeannach, a fhreastalaíonn ar na cruinnithe Boird.

Áirítear na nithe seo le príomhfhreagrachtaí an Bhoird:

- Plean agus buiséad bliantúil an Údaráis a mheas agus a cheadú;
- Saincheisteanna beartais, amhail Pleananna Straitéiseacha a fhorbairt, réimsí oibre a athbhreithniú agus cóid chleachtais a chomhlíonadh;
- Coistí comhairleacha nó sainchomhairleoirí a cheapadh;
- Táillí a ghearradh agus a aisghabháil;
- Rialacháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

- An Ciste Cúitimh a riar agus breitheanna a thabhairt maidir leis.

Cheadaigh an Bord sceideal feidhmeanna a chuirtear de chúram ar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis. Áirítear leo:

- Ceadúnais a eisiúint, diúltú ceadúnais a eisiúint agus nithe gaolmhara;
- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, lena n-áirítear Cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh orthu;
- An Clár Praghsanna Maoine agus an Clár Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;
- Iarratais chun na hArd-Chúirte

**Meastóireacht Feidhmíochta ar an Údarás**

Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mBord sa bhliain 2018, ar aon dul leis an gceanglas faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit go ndéanfaí meastóireacht den sórt sin uair amháin ar a laghad gach trí bliana. Ceapadh an Foras Riaracháin chun an mheastóireacht a dhéanamh, rud a ndearna Cathaoirleach an Bhoird formhaoirseacht air. Rinne comhaltaí Boird suirbhé meastóireachta feidhmíochta féinmheasúnaithe mar chuid den mheastóireacht. Cuireadh an fhaisnéis ón suirbhé sin i dtoll a chéile ansin agus rinneadh agallaimh leantacha le comhaltaí den Údarás agus le roinnt comhaltaí den lucht bainistíochta feidhmiúcháin. Ullmhaíodh dréacht-tuarascáil ansin agus cuireadh fionnachtana na dréacht-tuarascála sin agus roinnt moltaí i láthair an Bhoird ag an gcruinniú Boird an 11 Nollaig 2018. Ag an gcruinniú sin, ghlac comhaltaí an Bhoird leis na moltaí agus chomhaontaigh siad go gcuirfí chun feidhme iad.

**Bainistíocht Riosca**

Tá beartas foirmiúil bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Údarás agus déanann sé Clár Rioscaí a chothabháil i gcomhréir le treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Bainistítear an clár ar bhonn leanúnach. Is é an aidhm atá leis an gclár a chothabháil ná a chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus go gcuirfear bearta maolaitheacha riachtanacha i bhfeidhm, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Buanmhír ar Chlár Oibre gach cruinnithe Boird is ea an Clár Rioscaí. Pléitear é ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin.

Leagtar amach i gCairt 19 na príomhrioscaí féideartha ar shainaithin an eagraíocht iad don bhliain 2018 agus na bearta maolaithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a laghdú:

**Cairt 19 Na Príomhrioscaí a Sainaithníodh**

| An Príomhriosca a Sainaithníodh | Na Bearta Maolaithe atá i bhfeidhm |
|---|---|
| Riaráiste gearáin | • Sannadh acmhainní breise<br>• Seachfhoinsíodh imscrúduithe ar ghearáin |
| Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta) | • Ceapadh foireann chun díriú ar an Rialachán Ginearálta<br>• Tá an tÚdarás ina chomhalta de Ghrúpa Stiúrtha na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais um an Rialachán Ginearálta<br>• Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ar fad<br>• Forbraíodh plean gníomhaíochta um an Rialachán Ginearálta |
| Riosca do na cosaintí atá bainteach go dúchasach leis an gcóras ceadúnúcháin de bharr oibreoirí neamhcheadúnaithe | • Ceapadh cigirí chun imscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe tuairiscithe sa Stát: tugadh aird air lom láithreach<br>• Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun sainaithint a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe féideartha atá i mbun trádála agus nach n-athnuann a gceadúnas |

**Comhlíonadh Caiteachais Phoiblí**

Sa bhliain 2018, chomhlíon an tÚdarás na forálacha iomchuí den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

Is féidir an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach ón Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain 2018 a léamh in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

**Saoráil Faisnéise**

Tá an tÚdarás faoi réir raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise de bhua an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Is é an cuspóir atá leis an Acht um Shaoráil Faisnéise a chinntiú go mbeidh fáil ag an bpobal, a mhéid is mó is féidir, ar fhaisnéis oifigiúil, i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go mbeidh na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí, mura bhfuil siad díolmhaithe faoin dlí;
- an ceart go ndéanfaí faisnéis phearsanta a cheartú nó a athrú chun dáta i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart chun cúiseanna a fháil le breitheanna a thugann comhlachtaí poiblí, i gcás go dtéann na breitheanna sin i bhfeidhm orthu go sainráite.

D'fhonn an dea-chleachtas a chinntiú i riar a fheidhme reachtúla saorála faisnéise, tá ag an Údarás ball foirne a ghníomhaíonn mar Oifigeach Saorála Faisnéise chun cabhrú leis an bpobal nósanna imeachta saorála faisnéise a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.

Fuair an tÚdarás 13 iarraidh saorála faisnéise sa bhliain 2018. Le linn dó gach iarraidh ar leith a mheasúnú, ghlac an tÚdarás beartas inar fhéach sé ar dtús le géilleadh don iarraidh agus inar bhain sé úsáid ina dhiaidh sin as tástáil "an dochair" agus tástáil "leas an phobail", de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise. Cloíodh leis na teorainneacha daingne ama atá leagtha amach san Acht um Shaoráil Faisnéise.

De na hiarrataí a fuarthas, fuarthas iad ó na daoine seo a leanas:-

- daoine den phobal (6 cinn);
- cliaint de chuid an Údaráis (5 cinn); agus
- iriseoirí (2 cheann).

Maidir leis na hiarrataí a rinne cliaint de chuid an Údaráis, baineann siad le beirt ghearánach, le beirt éilitheoirí faoin gCiste Cúitimh agus le ceadúnaí amháin.

Déantar achoimre i gCairt 20 ar an toradh a bhí ar na hiarrataí saorála faisnéise go léir a fuarthas sa bhliain 2018.

**Cairt 20 Iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2018**

| Uimh. Thagartha an Chomhaid | Catagóir Iarrthóra | Géilleadh don iarraidh | Géilleadh go páirteach don iarraidh | Diúltaíodh géilleadh don iarraidh | Tarraingíodh an iarraidh siar | Tarraingíodh an iarraidh siar agus déileáladh léi lasmuigh den réim saorála faisnéise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Iriseoir | X | | | | |
| 2 | Duine den Phobal | X | | | | |
| 3 | Duine den Phobal | | | | | X |
| 4 | Iriseoir | | X | | | |
| 5 | Cliant | | | X | | |
| 6 | Cliant | X | | | | |
| 7 | Cliant | | | X | | |
| 8 | Cliant | | | X | | |
| 9 | Duine den Phobal | | | X | | |
| 10 | Duine den Phobal | | | | X | |
| 11 | Duine den Phobal | | | X | | |
| 12 | Duine den Phobal | | | X | | |
| 13 | Cliant | | | X | | |

Mar is féidir a fheiceáil i gCairt 20, géilleadh do thrí iarraidh, géilleadh go páirteach do cheann amháin, diúltaíodh géilleadh do sheacht gcinn, tarraingíodh ceann amháin siar agus bhí iarraidh amháin ann a tarraingíodh siar agus ar déileáladh léi lasmuigh den réim saorála faisnéise. Sna cásanna nár géilleadh go hiomlán don iarraidh nó ar diúltaíodh géilleadh don iarraidh iontu, thug an tÚdarás míniú mionsonraithe don iarrthóir ar an mbreith uaidh agus ar na cúiseanna ar tháinig sé uirthi. I gcásanna ar measadh iontu nach mbeifí in ann an fhaisnéis a iarradh a sholáthar laistigh den réim saorála faisnéise, is minic a fhéadfar í a chur ar fáil don iarrthóir ar bhealaí eile atá lasmuigh den réim saorála faisnéise. Iarradh idir fhaisnéis phearsanta agus fhaisnéis neamhphearsanta.

**Achomhairc Shaorála Faisnéise**

Ní raibh aon achomhairc shaorála faisnéise ann sa bhliain 2018.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta)**

Ag teacht sna sála ar thabhairt isteach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) Uimh. 2016/679) agus ar thabhairt isteach an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, tá oibleagáidí nua cosanta sonraí ar an Údarás ón 25 Bealtaine 2018 i leith.

Ceanglaítear leis an Rialachán Ginearálta go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil de réir na bprionsabal um chosaint sonraí. Ceaptar beartais agus nósanna imeachta an Údaráis chun comhlíonadh na bprionsabal sin a áirithiú.

Comhlíonann an tÚdarás sé phrionsabal an Rialacháin Ghinearálta toisc gurb amhlaidh na nithe seo i gcás sonraí pearsanta:

1. Déantar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach;
2. Déantar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin;
3. Tá siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá;
4. Tá siad cruinn agus coimeádtar suas le dáta iad;
5. Déantar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; agus
6. Déantar iad a phróiseáil ar chaoi lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí.

Cheap an tÚdarás Oifigeach Cosanta Sonraí, agus de réir na bpríomhoibleagáidí atá air, ní mór don Údarás na nithe seo a leanas a bheith aige:

- Próisis a bheith i bhfeidhm aige le haghaidh gach sárú sonraí pearsanta a thuairisciú.
- Tréimhsí coinneála a bheith i bhfeidhm aige maidir le gach cineál sonraí pearsanta.
- Próisis a bheith aige le haghaidh déileáil le hiarrataí ar shonraí pearsanta a gcoinníonn an tÚdarás iad agus le haghaidh na sonraí sin a cheartú nó a léirscriosadh.
- Fógraí beartais/príobháideachta a bheith i bhfeidhm aige.

Ón uair a tugadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí isteach i leith, fuair an tÚdarás dhá iarraidh reachtúla ar rochtain. Fuarthas an dá cheann díobh ó dhaoine den phobal. Ba i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta a déileáladh leis an dá iarraidh ar rochtain d'ábhar sonraí.

Bhí Sárú Cosanta Sonraí amháin ann. Tharla sé sin i mí Aibreáin 2018, sular tháinig an reachtaíocht nua in éifeacht. Chuathas i dteagmháil leis na daoine aonair lena mbaineann agus tugadh tuairisc d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an sárú.

**An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**

Ní raibh aon nochtadh cosanta ann sa bhliain 2018.

**Leasuithe ar an Acht**

Rinne an tÚdarás leasuithe reachtacha molta ar an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, a chur isteach roimhe seo mar chuid de Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bhain an chéad leasú le huasteorainn a chur leis an íocaíocht uasta ón gCiste Cúitimh. Bhain an dara ceann le leasú ar an sainmhíniú

ar mhór-smachtbhanna chun go n-áireofaí leis foráil do réim formhaoirseachta a bheith á forchur ag an Údarás ar an gceadúnaí. Bhí na leasuithe sin le fáil fós sa dréacht-Bhille ón Roinn ag deireadh na bliana.

Le linn na bliana 2018, bhreithnigh an tÚdarás réimsí éagsúla cleachtais laistigh den earnáil ar ina leith a theastaíonn treisiú dlíthiúil a chuirfeadh feabhas ar na caighdeáin atá i bhfeidhm cheana féin agus a bheadh ina ardán don Údarás le haghaidh gearáin sa réimse sin a scrúdú. Foráiltear le halt 95 den Acht do rialachán a dhréachtú maidir le caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á soláthar ag ceadúnaithe. Tagann siad faoi chúig cholún, mar atá:

- Leas an Phobail;
- An Dualgas i leith Chliaint agus Úsáideoirí agus Úsáideoirí Féideartha na Seirbhísí Maoine;
- Iompar Gairmiúil agus Eiticiúil na gCeadúnaithe;
- Rúndacht Fhaisnéis na gCliant;
- Coinbhleacht Leasa.

Ag deireadh na bliana, d'éirigh leis an rialachán ina chéad athbhreithniú dlíthiúil agus bhí sé i gcéim an chomhairliúcháin d'fhonn é a fhoilsiú sa bhliain 2019.



# AGUISÍN 1

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

**Raon Freagrachta**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú san Údarás. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Cuspóir an Ráitis faoi Rialú Inmheánach**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

**Na Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm**

Is deimhin leis an Údarás go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, agus aird á tabhairt ar a mhéid, ar a leibhéal caiteachais, ar a acmhainní foirne agus ar chineál a oibríochtaí. Ní thugann na córais dearbhú iomlán, agus ní féidir leis na córais dearbhú iomlán a thabhairt, nach ndéanfar earráidí ábhartha, áfach.

Ghlac an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa bhliain 2016.

**Cumas le Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud a chuimsíonn beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is deimhin liom, mar Chathaoirleach ar an Údarás, gur chuir an Coiste a ról i gcrích go héifeachtach sa bhliain 2018, agus chúig chruinniú á dtionól aige lena linn.

Rinne an Bord an beartas bainistíochta riosca a athbhreithniú agus a chomhaontú, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige.

Is é an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a chomhlíonann feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi mhaoirseacht Choiste Iniúchóireachta Vóta 24 (Dlí agus Ceart agus Comhionannas). Is é ról Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne iniúchtaí ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás agus cuireann sé clár iniúchtaí i gcrích gach bliain.

**An Creat Riosca agus Rialaithe**

Chuir an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Bíonn an clár á athbhreithniú agus á athrú chun dáta ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, i gcomhairle leis an Lucht Ardbhainistíochta. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó;

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta;
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. Is í an Rannóg TFC sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a sholáthraíonn seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Chuir sí ráiteas dearbhaithe ar fáil ina leagtar amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018. Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Sa bhliain 2018, fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm;
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint; agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm le haghaidh measúnú agus le haghaidh íocaíochtaí a dhéanamh ón gciste cúitimh.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, rud ina sainaithnítear na rioscaí atá os comhair an Údaráis, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin a leantar.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh rialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an tÚdarás chuige le haghaidh éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus cur san áireamh á dhéanamh ar na rioscaí lena mbaineann agus ar an líon teoranta foirne.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm maidir le gach cineál earra agus seirbhíse a cheannach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus le seirbhísí. Neartaíodh nósanna imeachta ina leith sin le linn na bliana trí mholtaí a tháinig as an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a chur chun feidhme.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Tá nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais agus rialuithe eile faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Déanann Coiste Iniúchóireachta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

**Dearbhuithe**

***Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá Comhaontú Seirbhíse ar bun idir an tÚdarás agus an Roinn i dtaca leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun córais an Údaráis a chúltacú. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar an tseirbhís sa bhliain 2018; tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ag tabhairt aghaidh faoi láthair ar na moltaí a fuarthas ina leith. Chuir an tAonad TF sa Roinn doiciméad dearbhaithe ar fáil maidir leis na rialuithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2018.

Cuireann An Post córas iarratais cheadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Cuireadh go mór lena éifeachtaí atá an próiseas athnuachana ceadúnais a bhuí leis an gcóras ar líne sin agus tá sé beartaithe tuilleadh forbairtí a dhéanamh air. Fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá i bhfeidhm. Cuireadh Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm le An Post i mí an Mheithimh 2018.

***Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais***

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte airgeadais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Fuarthas litir dearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le rialuithe sa soláthar seirbhísí comhroinnte.

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla faoin Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin. Tá an tseirbhís sin cumhdaithe faoi Chomhaontú Seirbhíse atá ar bun idir an tIonad agus an Roinn.

***Soláthar***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na nósanna imeachta sin sa bhliain 2018.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018. Is deimhin leis an Údarás, a mhéid is féidir, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2018.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**

***Nochtadh Sonraí faoi Chásanna ina raibh Sáruithe Rialaithe ann***

Níor sainaithníodh i rialuithe inmheánacha i dtaca leis an mbliain 2018 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

***Nochtadh Sonraí faoi Chaillteanais Ábhartha nó faoi Chalaois***

Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2018.



**Geraldine Clarke**
Cathaoirleach



PSRA Údarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

www.psr.ie